

Lámhleabhar

24PFS5603
24PFT5603
32PFS5603
32PFT5603

PHILIPS

Ábhar

1 Faigh Tacaíocht 3

- 1.1 Aithin agus Cláraigh do theilifís 3
- 1.2 Cabhair teilifíse agus Treoir Úsáideora 3
- 1.3 Cabhair Ar Líne agus Treoir Úsáideora 3
- 1.4 Cúram Custaiméirí / Athdheisiú 3

2 Bogearaí 5

- 2.1 Nuashonrú Bogearraí 5
- 2.2 Leagan Bogearraí 5

3 Mear-Treoir 6

- 3.1 Cianrialtán 6
- 3.2 Braiteoir IR 7
- 3.3 Luamhán stiúrtha – Rialú áitiúil (má tá fáil air) 7

4 Suiteáil 9

- 4.1 Léigh Sábháilteacht 9
- 4.2 Lonnú Teilifíse 9
- 4.3 Cas air an teilifís 9

5 Naisc 11

- 5.1 Treoir maidir le nascacht 11
- 5.2 Aeróg 11
- 5.3 Satailít (má tá fáil air) 11
- 5.4 Gléas Físeáin 12
- 5.5 Gléas Fuaime 14
- 5.6 Ríomhaire 15
- 5.7 CAM le Cárta Cliste – CI+ 16
- 5.8 Gléas USB 16
- 5.9 Líonra do Freeview (Is do mhúnlaí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra) 17

6 Athraigh Foinse 19

- 6.1 Liosta Foinse 19
- 6.2 Athainmnigh Gléas 19

7 Cainéil 20

- 7.1 Maidir le Cainéil agus Athraigh Cainéil 20
- 7.2 Suiteáil Cainéal 20
- 7.3 Liosta Cainéal 26
- 7.4 Roghnaigh Scagaire Cainéal 27
- 7.5 Cainéil Cheanáin 27

8 Eolaire Teilifíse 29

- 8.1 A bhfuil de dhíth ort 29
- 8.2 An Eolaire Teilifíse a Úsáid 29

9 Taifeadadh agus Cuir Teilifís ar Sos 31

- 9.1 A bhfuil de dhíth ort 31
- 9.2 Taifeadadh 31
- 9.3 Cuir teilifís ar sos 32

10 Meáin 34

- 10.1 Ó Nasc USB 34
- 10.2 Grianghraif 34
- 10.3 Físeáin 34
- 10.4 Ceol 35

11 Oscail na Roghchláir Socruithe Teilifíse 36

- 11.1 Forbheathnú ar an Roghchlár Baile 36
- 11.2 Roghchlár Áirgi 36
- 11.3 Mearsocruithe agus Gach Socrú 36
- 11.4 Gach Socrú 36

12 Comhshaol 43

- 12.1 Lipéad Fuinnimh na hEorpa 43
- 12.2 Deireadh Úsáide 43

13 Sonraíochtaí 44

- 13.1 Cumhacht 44
- 13.2 Glacacht 44
- 13.3 Taifeach Taispeána 44
- 13.4 Taifeach taispeána: 44
- 13.5 Fuaim 44
- 13.6 Ilmhéain 44
- 13.7 Nascacht 45

14 Fadhbanna 46

- 14.1 Leideanna 46
- 14.2 Cas As 46
- 14.3 Cianrialtán 46
- 14.4 Cainéil 47
- 14.5 Pictiúr 47
- 14.6 Fuaim 47
- 14.7 HDMI 47
- 14.8 USB 48

15 Sábháilteacht agus Cúram 49

- 15.1 Sábháilteacht 49
- 15.2 Cúram Scáileáin 50
- 15.3 Téarmaí Úsáide 50

16 Cóipchearta 52

- 16.1 HDMI 52
- 16.2 Fuaim Dolby 52
- 16.3 DTS 2.0 + Digital Amach™ 52
- 16.4 Trádmharcanna Eile 52

17 Foinse Oscailte 53

- 17.1 Bogearraí Foinse Oscailte 53
- 17.2 Ceadúnas Foinse Oscailte 53

Innéacs 56

Faigh Tacaíocht

1.1

Aithin agus Cláraigh do theilifís

Aithin do theilifís – múnla agus sraithuimhir an táirge teilifíse

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort uimhir mhúnla an táirge teilifíse agus an tsraithuimhir a thabhairt. Aimsigh na huimhreacha seo ar an lipéad pacáistithe nó ar an lipéad cineáil ar chúl nó ar bhun na teilifíse.

Cláraigh do theilifís

Cláraigh do theilifís agus bain leas as raon tairbhí lena n-áirítear tacaíocht iomlán (íoslódálacha san áireamh), rochtain phribhléideach a fháil ar fhaisnéis maidir le táirgí nua, tairiscintí agus lascaíní eisiacha agus an deis duaiseanna a bhuachan agus fiú páirt a ghlacadh i suirbhéanna speisialta faoi eisiúintí nua.

Tabhair cuairt ar www.philips.com/welcome

1.2

Cabhair teilifíse agus Treoir Úsáideora

Brúigh  Socruithe > Cabhair

Is féidir leat na bogearraí a nuashonrú go héasca sa roghchlár Cabhair, mar aon leis an teilifís a athshocrú go dtí na réamhshocruithe, agus an treoir úsáideora a léamh.

- **Nuashonraigh bogearraí:** Seiceáil na nuashonruithe bogearraí atá ar fáil.
- **Treoir úsáideora:** Léigh an treoir úsáideorafor le haghaidh faisnéise faoin teilifís.
- **Fabhtcheartú:** Aimsigh réiteach do cheisteanna a chuirtear go minic.
- **Réamhshocruithe:** Athshocraigh gach socrú go dtí na réamhshocruithe.
- **Athshuiteáil teilifís:** Athshuiteáil agus déan an tsuiteáil teilifíse arís.
- **Eolas teagmhála:** Taispeáin an uimhir theileafóin nó suíomh gréasáin do do thír nó do réigiún.

Cabhair Ar Líne agus Treoir Úsáideora

Is féidir leat dul i gcomhairle lenár dtacaíocht ar líne chun aon fhadhb a bhaineann le teilifís Philips a réiteach. Is féidir leat do theanga a roghnú agus uimhir do mhúnla táirge a chur isteach.

Tabhair cuairt ar www.philips.com/support.

Is féidir leat an uimhir theileafóin chun dul i dteagmháil linn i do thír féin a aimsiú ar an suíomh tacaíochta, chomh maith le freagraí do cheisteanna coitianta (CCanna). I roinnt tíortha is féidir leat labhairt le duine dár gcomhghleacaithe agus do cheist a chur go díreach nó trí ríomhphost.

Is féidir leat bogearraí nua teilifíse a íoslódáil nó an treoirleabhar chun é a léamh ar do ríomhaire.

Chun níos mó eolais faoi fhabhtcheartú teilifíse agus ceisteanna a chuirtear go minic a fháil (CCanna)...

Téigh go

dtí <http://philips-tvconsumercare.kxondemand.com/portal/en/ModelSelect>

Cabhair teilifíse ar do tháibléad, d'fhón cliste nó do ríomhaire

Chun go n-éascófaí seichimh fada teoracha, is féidir leat Cabhair teilifíse a íoslódáil i bhformáid PDF le haghaidh a léite ar d'fhón cliste, taibléad nó ríomhaire. Mar rogha air sin, is féidir leat an leathanach ábhartha ó Chabhair ó do ríomhaire. Chun Cabhair (lámhleabhar úsáideora) a íoslódáil, tabhair cuairt ar www.philips.com/support

1.4

Cúram Custaiméirí / Athdheisiú

Is féidir leat glaoch ar an mbeolíne Chúram Custaiméirí i do thír chun tacaíocht nó athdheisiú a fháil. Déanfaidh ár n-innealltóirí seirbhíse athdheisiú, más gá.

Aimsigh an uimhir theileafóin sa cháipéisíocht phriontáilte a tháinig leis an teilifís.

Nó tabhair cuairt ar ár láithreán

gréasáin www.philips.com/support agus roghnaigh do thír más gá.

Uimhir mhúnla agus sraithuimhir na teilifíse

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort uimhir mhúnla an táirge teilifíse agus an tsraithuimhir a thabhairt. Aimsigh na huimhreacha seo ar an lipéad pacáistithe nó ar an lipéad cineáil ar chúl nó ar bhun na teilifíse.

Rabhadh

Ná triail an teilifís a athdheisiú tú féin. D'fhéadfá tú féin a ghortú go dona, damáiste nach féidr é a leigheas a dhéanamh do do theilifís nó do bharánta a chur ar ceal.

Bogearaí

2.1

Nuashonrú Bogearraí

Déan cuardach do Nuashonruithe

🏠 (Baile) > Socruithe > Nuashonraigh bogearraí > Déan cuardach do nuashonruithe.

Teastaíonn ríomhaire agus gléas cuimhne USB uait chun na bogearraí a uaslódáil ar an teilifís. Úsáid gléas cuimhne USB a bhfuil 256MB de spás saor air. Bí cinnte go bhfuil cosaint ar scríobh casta as.

1. Tosaigh an nuashonrú ar an teilifís
- 🏠 (Baile) > Socruithe > Nuashonraigh bogearraí > Déan cuardach do nuashonruithe.

2. Aithin an teilifís
- Cuir an chuimhne USB isteach i gceann de na naisc USB ar an teilifís.
Roghnaigh **Tosaigh** agus brúigh **OK**. Scríobhtar comhad aitheantais ar an ngléas cuimhne USB.

3. Íoslódáil bogearraí na teilifíse
- Cuir an chuimhne USB isteach i do ríomhaire.
- Ar an ngléas cuimhne USB, aimsigh an comhad **update.htm** agus cliceáil faoi dhó air.
- Cliceáil ar **Seol ID**.
- Roghnaigh do réigiún
- Má tá bogearraí nua ar fáil, íoslódáil an comhad .zip.

I ndiaidh na híoslódála, dízipeáil agus cóipeáil an comhad **autorun.upg** go dtí an gléas cuimhne USB. Ná cuir an comhad seo i bhfillteán.

4. Nuashonraigh bogearraí na teilifíse
- Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach sa teilifís arís. Tosaíonn an nuashonrú go huathoibríoch. Casann an teilifís í féin as ar feadh 10 soicind agus ansin casann sí air arís. Fan le do thoil.

Ná. . . .

- úsáid an cianrialtán
- bain an gléas cuimhne USB amach ón teilifís

Má chliseann ar an gcumhacht i rith an nuashonraithe, ná bain as an mhéaróg chuimhne USB ón teilifís go deo. Nuair a thiocfaidh an chumhacht ar ais, leanfaidh an nuashonrú ar aghaidh.

Nuashonruithe Áitiúla

Do mhiondíoltóirí agus sainúsáideoirí...

🏠 (Baile) > Socruithe > Nuashonraigh bogearraí > Nuashonruithe áitiúla.

Déan cuardach do nuashonruithe OAD (Íoslódáil tríd an aer)

Déan scan chun cuardach a dhéanamh do nuashonrú bogearraí tríd an aer.

🏠 (Baile) > Socruithe > Nuashonraigh bogearraí > Déan cuardach do nuashonruithe OAD.

2.2

Leagan Bogearraí

Chun féachaint ar leagan reatha na mbogearraí teilifíse...

🏠 (Baile) > Socruithe > Nuashonraigh bogearraí > Faisnéis bogearraí reatha

Mear-Treoir

3.1

Cianrialtán

Cadhnraí agus Glanadh


Cadhnraí a athsholáthar

Mura bhfreagraíonn an teilifís do bhrú eochrach ar an gcianrialtán, d'fhéadfadh na ceallraí a bheith caite.

Chun na ceallraí a athsholáthar, oscail raca na gceallraí ar chúl an chianrialtáin.

1. Sleamhnaigh doras na gceallraí sa treo a léirítear ar an tsaighead.

2. Athsholáthar na seancheallraí le 2 cheallra den chineál AAA-R03-1.5V. Bí cinnte go luífidh na deirí + agus - de na ceallraí isteach i gceart.



3. Cuir doras na gceallraí ar ais arís agus sleamhnaigh é go dtí go gcliceálann sé.

- Bain amach na ceallraí mura mbeidh siad in úsáid agat ar feadh tréimhse fada.

- Faigh réidh le do sheancheallraí de réir na dtreoracha a thugtar maidir le deireadh úsáide.


Glanadh

Tá bratú scrabhadh-fhriotaíoch ar do chianrialtán.

Chun an cianrialtán a ghlanadh, úsáid ceirt bhog thais. Ná húsáid substaintí cosúil le halcól, ceimicigh ná glantóirí tí nó an cianrialtán.

Forbhreathnú ar na hEochracha

Barr



1. Ar Fuireachas / Air

Chun an teilifís a chasadh air nó ar ais go Fuireachas.

2. Eochracha Athsheanma

- Brúigh , chun athsheinm.
- Cuir ar sos , chun athsheinnt a chur ar sos
- Brúigh , chun athsheinnt a stopadh
- Brúigh , chun athochras.
- Brúigh , chun mearchasadh
- Brúigh , chun taifeadadh anois

3. TV GUIDE

Chun an tEolaire teilifíse a oscailt nó a dhúnadh.


4. FORMAT

Chun an roghchlár Formáid Pictiúir a oscailt nó a dhúnadh.

5. SETUP

Chun an roghchlár Socruithe a oscailt.

Lár



1. HOME

Chun an roghchlár Baile a oscailt nó a dhúnadh.

2. SOURCES

Chun an roghchlár Foinsí a oscailt nó a dhúnadh - liosta na ngléasanna nasctha.

3. Eochracha dathanna

Leanann feidhm na gcnaipí na treoracha ar an scáileán.

4. INFO

Chun eolas cláir a oscailt nó a dhúnadh.

5. BACK

Chun athrú ar ais go dtí an cainéal a roghnaigh tú roimhe sin.

Chun roghchlár a dhúnadh gan socrú a athrú.

6. EXIT

Chun athrú ar ais d'fhéachaint teilifíse.

7. OPTIONS

Chun an roghchlár Roghanna a oscailt nó a dhúnadh.

8. Eochair OK

Chun rogha nó socrú a dhearbhu.

9. Eochracha saighde/ nascleanúna

Chun dul suas, síos, ar chlé nó ar dheas.

10. LIST

Chun an liosta cainéal a oscailt nó a dhúnadh.

Bun



1. Balbhaigh

Chun an fhuaim a chasadh as, nó chun í a chasadh air arís.

2. Airde fuaime

Chun airde na fuaime a athrú.

3. Eochracha uimhreach

Chun cainéal teilifíse a roghnú go díreach.

4. SUBTITLE

Chun fotheidil a chasadh air, as nó Uathoibríoch.

5. Cainéal

Chun athrú go dtí an chéad chainéal eile nó an cainéal roimhe sin, chun an chéad leathanach eile nó an leathanach roimhe sin in Téacs/Teilithéacs a oscailt nó chun an chéad chaibidil eile nó an chaibidil roimhe sin ar dhiosca a thosú. Chun an chéad leathanach eile nó an leathanach roimhe sin a oscailt in Téacs/Teilithéacs. Chun an chéad chaibidil eile nó an chaibidil roimhe sin ar dhiosca a thosú.

6. TEXT

Chun Téacs/Teilithéacs a oscailt nó a dhúnadh.

3.2

Braiteoir IR

Tá an teilifís in ann glacadh freisin le horduithe ó chianrialtán a úsáideann IR (infridhearg) chun orduithe a sheoladh. Má úsáideann tú a leithéid de chianrialtán, bí cinnte i gcónaí go bpointeálann tú an cianrialtán i dtreo braiteoir infridhearg an chianrialtáin ar aghaidh na teilifíse.



Rabhadh

Ná cuir aon rud os comhair braiteoir IR na teilifíse mar go bhféadfadh sé an comhartha IR a bhlocáil.

3.3

Luamhán stiúrtha - Rialú áitiúil (má tá fáil air)

Méaracha teilifíse


Má tá an cianrialtán caillte agat, nó má tá a cheallraí caite, is féidir leat roinnt oibríochtaí bunúsacha teilifíse a dhéanamh i gcónaí.

Chun an roghchlár bunúsach a oscailt...



1. Agus an teilifís casta air agat, brúigh an eochair luamhain stiúrtha ar chúl na teilifíse chun an roghchlár bunúsach a oscailt.

2. Brúigh clé nó deas chun Airde Fuaime, Cainéal nó Foinsí a roghnú.



Brúigh suas nó síos chun an airde fuaime a athrú nó tiúnáil go dtí an chéad chainéal eile, nó an ceann roimhe sin. Brúigh suas nó síos chun dul trí liosta na bhfoinsí, lena n-áirítear roghnú an tiúnóra.

Imeoidh an roghchlár as amharc go huathoibríoch.

Suiteáil

4.1

Léigh Sábháilteacht

Léigh na treoracha sábháilteachta i dtosach sula n-úsáideann tú an teilifís.


Chun na treoracha a léamh, sa Treoir úsáideora, féach ar an gcaibidil Sábháilteacht agus cúram.

4.2

Lonnú Teilifíse

Leideanna maidir le Láithriú

- Cuir an teilifís in áit nach bhfuil solas ag lonnú go díreach ar an scáileán.
- Socraigh an teilifís suas le 15 cm amach ón mballa.
- Is é an t-achar is fearr le bheith ag féachaint ar an teilifís uaidh ná trí oiread méid fhiarthrasna an scáileáin. Nuair atá tú i do shuí, ba cheart go mbeadh do shúile ar an leibhéal céanna le lár an scáileáin.



Seastán teilifíse


Is féidir leat na treoracha chun an seastán teilifíse a ghléasadh a fháil sa Treoir Mhearthosaithe a tháinig leis an teilifís. Is féidir leat an treoir seo a íoslódáil ó www.philips.com sa chás gur chaill tú í.

Úsáid uimhir múnla na teilifíse chun cuardach a dhéanamh don Treoir Mearthosaithe atá le híoslódáil.

Gléasadh Balla

Sraith teilifíse 5603

Tá do theilifís ullamh freisin do bhrac ghléasadh balla atá oiriúnach le VESA (díoltar as féin é). Bain úsáid as an gcód VESA seo a leanas nuair atá an gléasadh balla á cheannach agat . . .



- 24PFx5603 - VESA MIS-F 75x75, M4 (íosmhéid 10 mm, Uasmhéid 10.5 mm)
- 32PFx5603 - VESA MIS-F 100x100, M4 (íosmhéid 10 mm, Uasmhéid 14 mm)

Ullmhúchán

Bain na 4 scriú chlaibín plaisteacha amach as na boisc shnáithithe ar chúl na teilifíse. Cinntigh go dtéann na scriúna miotail thart ar 10mm isteach i mboisc shnáithithe na teilifíse chun an teilifís a ghléasadh ar an mbrac atá oiriúnach le VESA.

Rabhadh

Teastaíonn scileanna sainiúla chun an teilifís a ghléasadh ar an mballa agus ní ceart d'aon duine ach pearsanra atá cáilithe tabhairt faoi. Ba cheart go gcomhlíonfadh gléasadh balla na teilifíse caighdeáin sábháilteachta atá bunaithe ar mheáchan na teilifíse. Léigh na réamhchúraim sábháilteachta freisin sula suífidh tú an teilifís.

Ní ghlacann TP Vision Europe B.V. le haon fhreagracht as gléasadh míchuí ná aon ghléasadh a mbeidh tionóisc nó gortú mar thoradh air.


4.3

Cas air an teilifís


Nasc Cábla Cumhachta

- Cuir isteach an cábla cumhachta sa nascóir **POWER** ar chúl na teilifíse.
- Bí cinnte go bhfuil an cábla cumhachta curtha isteach go daingean sa nascóir.
- Bí cinnte gur féidir leat rochtain a fháil i gcónaí ar an bpluga cumhachta sa soicéad balla.
- Nuair a dhíphlugálann tú an cábla cumhachta, tarraing an pluga i gcónaí, ná tarraing an cábla go deo.

Do 32" nó níos airde



Do 22"/24"



D'ainneoin go bhfuil tomhaltas cumhachta an-íseal ag an teilifís seo nuair atá sé ar fuireachas, bain amach an cábla cumhachta chun fuinneamh a shábháil mura mbeidh an teilifís in úsáid ar feadh tréimhse fada.

Cas air nó Fuireachas

Sula gcasfaidh tú an teilifís air, cinntigh go bhfuil an príomhlíonra cumhachta plugáilte isteach sa nascóir **POWER** ar chúl na teilifíse.

Cas As

Brúigh an cnaipe cumhachta ar thaobh nó ar chúl na teilifíse.

Athraigh go dtí fuireachas

Chun an teilifís a athrú go dtí Fuireachas, brúigh  ar an gclianrialtán.

Bain amach an pluga cumhachta chun an teilifís a chasadh as ar fad.

Nuair a dínascann tú an pluga cumhachta, tarraing an pluga cumhachta i gcónaí, ná tarraing an seolán. Bí cinnte go bhfuil rochtain iomlán agat ar an bpluga cumhachta, an seolán cumhachta agus ar an soicéad asraoin i gcónaí.

Naisc

5.1

Treoir maidir le nascacht

Nasc gléas leis an teilifís i gcónaí leis an nasc is airde caighdeán atá ar fáil. Anuas air sin, úsáid cáblaí ar chaighdeán maith chun a chinntiú go mbeidh aistriú maith pictiúr agus fuaimeanna ann.

Nuair a nascann tú gléas, aithníonn an teilifís a chineál agus tugann sé ainm cineáil ceart do gach gléas. Is féidir leat an t-ainm cineáil a athrú más mian leat. Má shocraítear ainm cineáil ceart do ghléas, athraíonn an teilifís go huathoibríoch go dtí na socruithe teilifíse is fearr a fheileann di nuair a athraíonn tú go dtí an gléas seo sa roghchlár Foinsí.

Má tá cabhair ag teastáil uait chun roinnt gléasanna a nascadh leis an teilifís, is féidir leat cuairt a thabhairt ar threoir nascachta Philips TV. Tugann an treoir eolas maidir leis an gcaoi nascadh agus maidir leis na cáblaí atá le húsáid.

Téigh go dtí www.connectivityguide.philips.com

5.2


Aeróg

Cuir isteach pluga na haeróige go daingean sa soicéad **Aeróige** ar chúl na teilifíse.


Is féidir leat d'aeróg féin a nascadh nó nasc a dhéanamh le comhartha aeróige ó chóras dáilte aeróige. Úsáid nascóir aeróige IEC Coax 75 Ohm RF.

Úsáid an nasc aeróige seo do chomharthaí ionchuir DVB-T agus DVB-C.

Do 32" nó níos airde



Do 22"/24"



* Is do mhúnlaí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra


** Is don tsraith xxPxSxxx3 amháin an port satailíte

5.3


Satailít (má tá fáil air)

Ceangail an nascóir satailíte den chineál F leis an nasc satailíte **SAT** ar chúl na teilifíse.

Do 32" nó níos airde



Do 22"/24"



* Is do mhúnláí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra


5.4

Gléas Físeáin


HDMI

Úsáid cábla HDMI Ardluais chun an t-aistriú comhartha is fearr a fháil agus ná húsáid cábla HDMI níos faide ná 5 m.

Do 32" nó níos airde



Do 22"/24"



* Is do mhúnláí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra

** Is don tsraith xxPxSxxx3 amháin an port satailíte

Cosaint ar chóipeáil


Tacaíonn cáblaí HDMI le HDCP (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Leitheadbhand). Is comhartha chosaint ar chóipeáil HDCP a chuireann cosc ar chóipeáil ábhar ó dhiosca DVD nó Diosca Blu-ray. Tagraítear dó fresin mar DRM (Bainistíocht Ceart Digiteach).

HDMI - DVI


Má tá gléas agat i gcónaí nach bhfuil air ach gléas DVI, is féidir leat an gléas a nascadh le haon ceann de na nasc HDMI 2 le cuibheoir DVI go HDMI.

Úsáid cuibheoir DVI go HDMI mura bhfuil ag do ghléas ach nasc DVI. Úsáid an nasc HDMI 2 agus cuir cábla Fuaime Clé/Deas (mion-seac 3.5 mm) isteach san Audio In le haghaidh fuaime, ar chúl na teilifíse.

Do 32" nó níos airde



Do 22"/24"




* Is do mhúnlaí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra

** Is don tsraith xxPxSxxx3 amháin an port satailíte

Nasc HDMI CEC - EasyLink

Nasc gléasanna HDMI CEC-comhoiriúnacha le do theilifís, is féidir leat iad a oibriú le cianrialtán na teilifíse. Ní mór EasyLink HDMI CEC a chasadh air ar an teilifís agus ar an ngléas nasctha.



Cas air EasyLink

🏠 (Baile) > Socruithe > Socruithe ginearálta > EasyLink > EasyLink > Air

Oibrigh gléasanna HDMI CEC-comhoiriúnacha le cianrialtán na teilifíse

🏠 (Baile) > Socruithe > Socruithe ginearálta > EasyLink > Cianrialtán EasyLink > Air

Tabhair faoi deara:



- Tá an seans ann nach n-oibreoidh EasyLink le gléasanna ó bhrandaí eile.

- Tá ainmneacha éagsúla ag feidhmiúlacht HDMI CEC ar bhrandaí éagsúla. Seo roinnt samplaí: Anynet, Aquos Link, Bravia Theatre Sync, Kuro Link, Simplink agus Viera Link. Níl gach branda comhoiriúnach go hiomlán le EasyLink. Is lena n-úinéirí faoi seach ainmneacha branda HDMI CEC.

SCART

Is nasc ar chaighdeán maith é SCART.

Is féidir an nasc SCART a úsáid le haghaidh comharthaí físe CVBS agus RGB ach ní féidir é a úsáid le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD). Tá comharthaí físe agus fuaime sa nasc SCART. Tacaíonn an nasc SCART freisin le hathsheinm NTSC.



Do 22"/24"

5.5

Gléas Fuaime

HDMI ARC

Níl HDMI ARC ach ag HDMI 1 ar an teilifís (Cainéal Fillte Fuaime).


Má tá an nasc HDMI ARC ag an ngléas freisin, ar gnách gur Córas Amharclainne Baile (HTS) é, nasc le HDMI 1 ar an teilifís seo é. Ní chaithfidh an cábla fuaime breise a sheolann fuaim na teilifíse go dtí an HTS a bheith agat nuair atá nasc HDMI ARC ann. Tá an dá chomhartha sa nasc HDMI ARC.

Fuaim Amach Dhigiteach - Optúil

Nasc fuaime ar ardchaighdeán é Fuaim Amach - Optúil.

Tá an nasc optúil seo in ann 5.1 cainéal fuaime a iompar. Mura bhfuil aon nasc HDMI ARC ar do ghléas, ar ghnách gur Córas Amharclainne Baile (HTS) é, is féidir leat an nasc seo a úsáid leis an nasc Fuaime Isteach - Optúil ar an HTS. Seolann an nasc Fuaime Amach - Optúil an fhuaim ón teilifís go dtí an HTS.

Do 32" nó níos airde




* Is do mhúnlaí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra

** Is don tsraith xxPxSxxx3 amháin an port satailíte

Cluasáin

Is féidir leat cluasáin a nascadh leis an nasc  ar thaobh na teilifíse. Is mion-seac 3.5mm an nasc. Is féidir leat airde fuaime na gcluasán a athrú leo féin.



5.6


Ríomhaire

HDMI - DVI


Má tá gléas agat i gcónaí nach bhfuil air ach gléas DVI, is féidir leat an gléas a nascadh leis an nasc HDMI le cuibheoir DVI go HDMI.

Úsáid cuibheoir DVI go HDMI mura bhfuil ag do ghléas ach nasc DVI. Úsáid an nasc **HDMI 2** agus cuir cábla Fuaime Clé/Deas (mion-seac 3.5 mm) isteach san Audio In le haghaidh fuaime, ar chúl na teilifíse.

Do 32" nó níos airde



Do 22"/24"




* Is do mhúnláí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra

** Is don tsraith xxPxSxxx3 amháin an port satailíte

VGA (má tá fáil air)

Úsáid cábla VGA mura bhfuil ar do ghléas ach nasc VGA. Úsáid an nasc VGA agus cuir cábla Fuaime Clé/Deas (mion-seac 3.5 mm) isteach san Audio In le haghaidh fuaime, ar chúl na teilifíse.

Do 22"/24"



* Is do mhúnláí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra

** Is don tsraith xxPxSxxx3 amháin an port satailíte

Socruithe idéalacha

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Ríomhaire

Athraigh an socrú go Air don socrú pictiúir is fearr nuair atá do theilifís in úsáid mar mhonatóir ríomhaireachta agat.

* Níl fáil air ach amháin d'fhoinsí HDMI agus VGA.

5.7

CAM le Cárta Cliste – CI+

Maidir le CI+

Tá an teilifís seo réidh do Rochtain Choinníollach CI+.

Is féidir leat féachaint ar scothchláir HD, cosúil le scannáin agus cláir spóirt atá curtha ar fáil ag oibritheoirí teilifíse digítí i do réigiún le CI+. Scrobhann oibritheoirí teilifíse na cláir seo agus díscrobhann modúl CI+ réamhíoctha iad.

Cuireann oibritheoirí teilifíse digítí modúl CI+ (Modúl Rochtana Coinníollai – CAM) ar fáil, agus cárta cliste a ghabhann leis, nuair a dhéanann tú suibscríbhinn dá scothchláir. Bíonn ardleibhéal cosanta ar chóipeáil ag an cláir seo.

Déan teagmháil le oibritheoir teilifíse digítí le haghaidh tuilleadh eolais maidir le téarmaí agus coinníollacha.



Cárta cliste

Cuireann oibritheoirí teilifíse digítí modúl CI+ (Modúl Rochtana Coinníollai – CAM) ar fáil, agus cárta cliste a ghabhann leis, nuair a dhéanann tú suibscríbhinn dá scothchláir.

Cuir an cárta cliste isteach sa mhodúl CAM. Féach ar an treoir a fuair tú ón oibritheoir.

Chun an CAM a chur isteach sa teilifís...


1. Beidh an modh ceart chun an CAM a chur isteach le feiceáil ar an gCAM. Má chuireann tú isteach mícheart é, d'fhéadfá damáiste a dhéanamh don CAM agus don teilifís.
2. Agus tú ag féachaint ar chúl na teilifíse, agus

aghaidh an CAM i do threo, cuir an CAM isteach go réidh sa slótán **COMMON INTERFACE**.

3. Brúigh an CAM isteach chomh fada is a rachaidh sé. Fág sa slótán go buan é.

Nuair chasann tú air an teilifís, d'fhéadfadh roinnt nóiméad a bheith i gceist sula ngníomhachtófar an CAM. Má chuirtear CAM isteach agus má íoctar na táillí suibscríbhíne (bíonn modhna suibscríbhíne éagsúla ann), is féidir leat féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn an cárta cliste CAM leo.

Is do do theilifís amháin an CAM agus an cárta cliste. Má bhaineann tú an CAM amach, ní bheidh tú in ann féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn CAM leo.



Féach ar Chainéal ar Chárta Cliste

Is féidir leat féachaint ar chainéil atá suiteáilte ó chártaí CI/CAM.

1. Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh **≡ LIST** chun an liosta cainéal a oscailt.
2. Roghnaigh: CI+ Liosta cainéal .

Socraigh Pasfhocail agus cóid PIN

Ní mór duit cóid PIN a chur isteach i gcás roinnt CAManna chun féachaint ar a chainéil. Nuair a shocraíonn tú an cóid PIN don CAM, molaimid duit an cóid céanna a úsáid is atá in úsáid agat chun an teilifís a dhíghlasáil.

Chun an cóid PIN a shocrú don CAM...

🏠 (Baile) > Socruithe > Glas leanaí > PIN CAM

5.8


Gléas USB

Méaróg Chuimhne USB

Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó mhéaróg USB nasctha. Cuir isteach méaróg chuimhne USB sa nasc **USB** ar an teilifís nuair atá an teilifís casta air.

Aimsíonn an teilifís an méaróg USB agus osclaíonn sé

liosta a thaispeánann a bhfuil air.
Mura bhfuil liosta na n-ábhar le feiceáil go huathoibríoch, brúigh **SOURCES** agus cliceáil **USB**.



Diosca Crua USB

Má nascann tú Diosca Crua USB, is féidir leat craoltaí teilifíse digití a chur ar sos nó a thaifeadadh (craoltaí DVB nó a leithéid).

Íos-Spás Diosca

- Chun craoladh a chur ar sos, teastaíonn Diosca Crua uait atá comhoiriúnach le USB agus a bhfuil ar a laghad 4GB de spás air.
- Chun craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, teastaíonn diosca a bhfuil ar a laghad 32GB de spás saor air.

Sular féidir leat craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, ní mór duit Diosca Crua USB a nascadh agus a fhormáidiú. Bainfidh an formáidiú as gach comhad ón Diosca Crua USB.

Chun craoladh a chur ar sos

Chun craoladh a chur ar sos, teastaíonn Diosca Crua uait atá comhoiriúnach le USB agus a bhfuil ar a laghad 4GB de spás air.

Chun craoladh a thaifeadadh

Chun craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, teastaíonn diosca a bhfuil ar a laghad 32GB de spás saor air.


1. Nasc an Diosca Crua USB le ceann de na naisc **USB** ar an teilifís. Ná nasc gléas USB eile leis na poirt USB eile nuair atá tú i mbun formáidithe.

2. Cas air an Diosca Crua USB agus an teilifís.

3. Nuair atá an teilifís tiúnáilte le cainéal teilifíse digití, brúigh **II** (Cuir ar Sos). Má dhéanann tú iarracht é a chur ar sos, tosóidh an formáidiú.

Lean na treoracha ar an scáileán.

Nuair a bheidh an Diosca Crua USB formáidithe, fág nasctha go buan é.



Rabhadh:

Tá an Diosca Crua USB formáidithe go heisiach don teilifís seo agus ní féidir leat na taifeadtaí stóraithe a úsáid ar theilifís ná ar ríomhaire eile. Ná cóipeáil agus ná hathraigh comhaid taifeadtaí ar an Diosca Crua USB le haon fheidhmchlár ríomhaireachta. Truailleoidh sé sin do thaifeadtaí. Nuair a fhormáidíonn tú Diosca Crua USB eile, caillfear an méid a bhí ar an gceann roimhe sin. Beidh athfhormáidiú ag teastáil ó Dhiosca Crua USB atá suiteáilte ar do theilifís le haghaidh a úsáide le ríomhaire.

5.9

Líonra do Freeview (Is do mhúnlaí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra)

Líonra


Maidir le Líonra

Is do ghnéithe sruthaithe Freeview HD amháin an port agus an fheidhm líonra.

Nasc le Líonra

Teastaíonn ródaire líonra uait atá nasctha leis an an Idirlíon chun an teilifís a nascadh leis an Idirlíon.

Úsáid nasc ardluas (leathanbhanda) leis an Idirlíon.



Déan an nasc

Chun nasc sreangaithe a dhéanamh...

1. Nasc an ródaire leis an teilifís le cábla líonra (cábla Ethernet**).
2. Bí cinnte go bhfuil an ródaire casta air.
3. Brúigh 🏠 (Baile) ,
roghnaigh Socruithe > Líonra agus
brúigh ➤ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4. Roghnaigh Nasc le líonra agus brúigh OK.
5. Roghnaigh Sreangaithe agus
brúigh OK. Déanann an teilifís cuardach leanúnach
don nasc líonra.
6. Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an
nasc.

Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP an ródaire a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

Socruithe Líonra

🏠 (Baile) > Socruithe > Líonra > Féach ar shocruithe líonra

Is féidir leat gach socrú líonra reatha a fheiceáil anseo. An seoladh IP agus MAC, neart an chomhartha, luas, modh criptithe, etc.

🏠 (Baile) > Socruithe > Líonra > Cumraíocht líonra

Mar rogha air sin, más ardúsáideoir tú agus má tá uait do líonra a shuiteáil le seolachán IP Statach, athraigh socrú na teilifíse go IP Statach.

Roghnaigh Cumraíocht IP Statach agus cumraigh an nasc. Is féidir leat an uimhir a shocrú don Seoladh IP, Netmask, Gateway, DNS.

Athraigh Foinse

6.1

Liosta Foinse

- Chun an roghchlár Foinse a oscailt, brúigh  SOURCES .
- Chun athrú go dtí gléas nasctha, roghnaigh an gléas leis na saigheada  (suas) nó  (síos) agus brúigh OK.
- Chun an roghchlár Foinse a dhúnadh gan athrú go dtí gléas, brúigh  SOURCES arís.

6.2

Athainmnigh Gléas

- Ní féidir ach foinseí HDMI, VGA (más ann dóibh), SCART (más ann dóibh) a athainmniú nó a ndeilbhín a athrú
- 1. Brúigh  SOURCES , agus roghnaigh HDMI nó VGA (más ann dóibh).
- 2. Brúigh  Athraigh agus brúigh OK.
- 3. Roghnaigh ceann de na deilbhíní gléis agus brúigh OK, taispeánfar an t-ainm réamhshainaithe sa réimse.clóscríbhneoireachta.
- 4. Roghnaigh Athainmnigh, ansin cuir isteach an t-ainm trí úsáid a bhaint as an méarchlár ar an scáileán.
 - Brúigh an eochair  (dearg) chun an téacs a chur isteach i gcás íochtair
 - Brúigh an eochair  (glas) chun an téacs a chur isteach i gcás uachtair
 - Brúigh an eochair  (buí) chun uimhir nó siombail a chur isteach
 - Brúigh an eochair  (gorm) chun carachtar a scríosadh
- 5. Roghnaigh Déanta nuair atá tú réidh.

Cainéil

7.1

Maidir le Cainéil agus Athraigh Cainéil

Chun féachaint ar chainéil teilifíse

- Brúigh . Tiúinfidh an teilifís go dtí an cainéal teilifíse ar fhéach tú go deireanach air.
- Brúigh  (Baile) > Cainéil agus brúigh OK.
- Brúigh  + nó  - chun cainéil a athrú.
- Má tá uimhir an chainéil ar eolas agat, clóscríobh an uimhir leis na heochracha uimhreach. Brúigh OK tar éis an uimhir a chur isteach chun cainéil a athrú.
- Chun athrú ar ais go dtí an cainéal a bhí tiúinálte cheana féin, brúigh  BACK .

Chun athrú go cainéal ó liosta cainéal

- Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh  LIST chun na liostaí cainéal a oscailt.
- D'fhéadfadh roinnt leathanach le cainéil a bheith ar an liosta cainéal. Chun féachaint ar an gcéad leathanach eile nó an leathanach roimhe sin, brúigh  + nó  -.
- Chun na liostaí cainéal a dhúnadh gan an cainéal a athrú, brúigh  LIST arís.

Deilbhíní cainéal

Marcáitar cainéil nua le  (réiltín) i ndiaidh Uasdátú Cainéil Uathoibríoch ar an liosta cainéal. Má ghlasálann tú cainéal, marcálfar le  (glas) é.

Cainéil raidió

Má tá craolachán digiteach ar fáil, suiteálfar stáisiúin raidió dhigiteacha le linn suiteála. Athraigh go cainéal raidió díreach ar an gcaoi chéanna is a athraíonn tú go cainéal teilifíse.

Is féidir leis an teilifís seo teilifís dhigiteach ar chaighdeán DVB a fháil. D'fhéadfadh an teilifís gan oibriú i gceart le roinnt oibrítheoirí teilifíse digití, neamhchomhlíonadh le riachtanais an chaighdeáin ina n-iomláine.

7.2

Suiteáil Cainéal

Aeróg agus Cábla

Déan cuardach de láimh do Chainéil agus do Shocruithe Chainéil

Déan cuardach do chainéil

Nuashonraigh liosta cainéal reatha

 (Baile) > Socruithe > Suiteáil aeróige/cábla > Déan cuardach do chainéil > Nuashonraigh cainéil

Athsuiteáil gach cainéal

 (Baile) > Socruithe > Suiteáil aeróige/cábla > Déan cuardach do chainéil > Athsuiteáil cainéil

1. Roghnaigh an tír ina bhfuil tú anois agus brúigh OK.
2. Roghnaigh Aeróg (DVB-T) nó Cábla (DVB-C) , agus roghnaigh mír amháin a dteastaíonn uait é a athshuiteáil.
3. Roghnaigh Cainéil dhigiteacha agus analógacha, Cainéil dhigiteacha amháin, nó Cainéil analógacha amháin.
4. Roghnaigh Tosaigh agus brúigh OK chun cainéil a nuashonrú. D'fhéadfadh sé sin roinnt nóiméad a thógáil.

Socruithe Cainéal

 (Baile) > Socruithe > Suiteáil aeróige/cábla > Déan cuardach do chainéil > Athshuiteáil cainéil

1. Roghnaigh an tír ina bhfuil tú anois agus brúigh OK.
2. Roghnaigh Aeróg (DVB-T) nó Cábla (DVB-C) , agus roghnaigh mír amháin a dteastaíonn uait é a athshuiteáil.
3. Roghnaigh Cainéil dhigiteacha agus analógacha, Cainéil dhigiteacha amháin, nó Cainéil analógacha amháin.
4. Roghnaigh Socruithe agus brúigh OK.
5. Brúigh  (dearg) chun athshocrú, nó brúigh  (glas) nuair atá na socruithe athraithe agat.

Scanadh minicíochta

Roghnaigh an modh chun cuardach a dhéanamh do chainéil.

Mearscanadh: roghnaigh an modh níos tapúla agus úsáid na socruithe réamhshainithe atá á n-úsáid ag an gcuid is mó de na soláthróirí cábla i do thír.

- **Iomlán:** Má fhágann sé sin nach mbeidh aon chainéal suiteáilte nó má tá roinnt cainéal ar iarraidh, is féidir leat an modh **Iomlán** a úsáid. Bíonn níos mó ama ag teastáil ón modh sin chun cainéil a chuardach agus a shuiteáil.

- **Ardsocruithe:** Má fuair tú luach sonrach minicíochta líonra chun cainéil a chuardach, roghnaigh **Ardsocruithe**.

Mód minicíochta líonra

Má tá sé ar intinn agat an modh tapaidh **Mearscanadh** a úsáid chun cainéil a chuardach sa **Scanadh Minicíochta**, roghnaigh **Uathoibríoch**. Bainfidh an teilifís úsáid as 1 de na minicíochtaí líonra réamhshainithe (nó HC - cainéal frithinge) atá in úsáid ag an gcuid is mó de na hoibritheoirí cábla i do thír. Má fuair tú luach sonrach minicíocht líonra chun cainéil a chuardach, roghnaigh **De Láimh**.

Minicíocht líonra

Nuair atá an socrú **De Láimh** i bhfeidhm don **Mhód Minicíochta Líonra**, is féidir leat an luach minicíochta líonra a fuair tú ó d'oibritheoirí cábla a chur isteach anseo. Úsáid na heochracha uimhreach chun an luach a chur isteach.

Modh Ráta Siombaile

Murar thug do sholáthróir luach sonrach **ráta siombaile** duit chun na cainéil teilifíse a shuiteáil, fág an socrú don **Mód ráta siombaile ar Uathoibríoch**. Má tá mód ráta siombaile sonrach faighte agat, roghnaigh **De láimh**.

Ráta siombaile

Nuair atá an **Mód ráta siombaile** socraithe do **De láimh**, is féidir leat an mód ráta siombaile a chur isteach trí úsáid a bhaint as na heochracha uimhreach.

Saor / Scrofa

Má tá suibscríbhinn agus CAM - Modúl Rochtana Coinníollai agat le haghaidh seirbhísí teilifíse nach mór íoc astu, roghnaigh **Saor + Scrofa**. Mura bhfuil suibscríbhinn agat chun cainéil nó seirbhísí teilifíse nach mór íoc astu a fháil, is féidir leat **Cainéil in Aisce Amháin** a roghnú.

Déan Cuardach Uathoibríoch do Chainéil

🏠 (Baile) > Socruithe > Aeróg/cábla installation > Nuashonrú cainéil uathoibríoch

Má fhaigheann tú cainéil dhigiteacha, is féidir leat an teilifís a shocrú chun an liosta a nuashonrú leis na cainéil nua.

Mar rogha air sin, is féidir leat nuashonrú cainéal a thosú tú féin.

Nuashonrú cainéal uathoibríoch

Déanann an teilifís nuashonrú ar na cainéil agus stóráilann sé cainéil nua uair amháin in aghaidh an lae, ag 6 AM. Stóráltar cainéil nua sa liosta Gach cainéal ach sa liosta Cainéil nua freisin. Baintear amach cainéil fholmha.

Má aimsítear cainéil nua nó má dhéantar nuashonrú ar chainéil nó má bhaintear as iad, taispeántar teachtaireacht ar an teilifís nuair a chastar air í. Ní mór

don teilifís a bheith ar Fuireachas chun cainéil a nuashonrú go huathoibríoch.

Teachtaireacht Nuashonrú cainéil

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil aeróige/cábla > Teachtaireacht nuashonraithe cainéil

Nuair a aimsítear cainéil nua nó má dhéantar nuashonrú ar chainéil nó má bhaintear as iad, taispeántar teachtaireacht ar an teilifís nuair a chastar air í. Is féidir leat an teachtaireacht sin a chasadh as ionas nach dtaispeánfar í i ndiaidh gach nuashonrú cainéal.

Digiteach: Tástáil Ghlacachta

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil aeróige/cábla > Digiteach: Tástáil Ghlacachta

Taispeánfar an mhinicíocht dhigiteach don chainéal seo. Má tá an ghlacacht lag, is féidir suíomh na haeróige a athrú. Chun caighdeán comhartha na minicíochta seo a sheiceáil arís, roghnaigh **Cuardach agus brúigh OK**.

Chun minicíocht dhigiteach shonrach a chur isteach tú féin, úsáid na heochracha digit ar an gcianrialtán. Mar rogha air sin, roghnaigh an mhinicíocht, lonnigh na saigheada ar uimhir le **◀** agus **▶** agus athraigh an uimhir le **▲** agus **▼**. Chun an mhinicíocht a sheiceáil, roghnaigh **Cuardaigh** agus brúigh **OK**.

Má úsáideann tú DVB-C chun cainéil a fháil, tá an rogha **Modh Ráta Siombaile ar fáil**. I gcás **Mód Ráta Siombailí**, roghnaigh **Uathoibríoch**, murar thug d'oibritheoir cábla luach ráta siombailí sonrach duit. Chun an luach ráta siombaile a chur isteach, roghnaigh **Ráta siombaile**, agus úsáid na heochracha uimhreach nó **▲** agus **▼**.

Analógach: Suiteáil de Láimh

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil aeróige/cábla > Analógach: Suiteáil de Láimh

Is féidir cainéil teilifíse analógacha a shuiteáil de láimh, cainéal i ndiaidh cainéil.

Córas

Roghnaigh **Córas** chun an córas teilifíse a shuiteáil. Roghnaigh do thír nó an chuid sin den domhan a bhfuil tú anois inti agus brúigh **OK**.

Cuardaigh Cainéal

Chun cainéal a aimsiú, roghnaigh **Cuardaigh cainéal** agus brúigh **OK**. Is féidir leat minicíocht a chur isteach tú féin chun cainéal a aimsiú nó ligint

don teilifís cuardach a dhéanamh don chainéal.
Brúigh OK, roghnaigh Cuardach agus
brúigh OK chun cuardach uathoibríoch a dhéanamh
do chainéal. Taispeánfar an cainéal a aimseofar ar an
scáileán agus má tá an ghlacacht go dona,
brúigh Cuardaigh arís. Má tá uait an cainéal a stóráil,
roghnaigh Déanta agus brúigh OK.

Míntiúnaigh

Chun cainéal a mhíntiúnáil,
roghnaigh Míntiúnáil agus brúigh OK. Is féidir leat
an cainéal a mhíntiúnáil le ▲ nó ▼.
Má tá uait an cainéal a aimsíodh a stóráil, roghnaigh
Déanta agus brúigh OK.

Stóráil

Is féidir leat an cainéal a stóráil ar uimhir an chainéil
reatha nó mar uimhir cainéil nua.
Roghnaigh Stóráil agus brúigh OK. Taispeánfar an
uimhir nua cainéal.

Is féidir leat na céimeanna seo a dhéanamh arís agus
arís eile go dtí go bhfuil gach cainéal teilifíse
analogach aimsithe agat.

Satailít (má tá fáil air)

Maidir le Suiteáil Satailítí

Suas le 4 Satailít

Is féidir leat suas le 4 satailít (4 LNBanna) a shuiteáil
ar an teilifís seo. Roghnaigh díreach an líon satailít ar
mian leat iad a shuiteáil ag tús na suiteála. Éascóidh
sé sin an tsuiteáil.

Unicable

Is féidir leat córas Unicable a úsáid chun an mhias
aeróige a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Unicable
a roghnú do shatailít 1 nó 2 satailít ag tús na suiteála.

MDU - Aonad Ilteaghais

Tacaíonn tiúnóirí satailíte ionsuite na teilifíse seo le
MDU ar na satailítí Astra agus le Digiturk ar shatailít
Eutelsat. Ní thacaítear le MDU ar Türksat.

Cuir tús leis an tSuiteáil

Nuashonraigh Cainéil

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil satailíte > Déan
cuardach do shatailít > Nuashonraigh cainéil

Is féidir leat i gcónaí nuashonrú cainéal a thosú de
láimh, cuirfear cainéil nua leis an liosta, agus bainfear
cainéal nach bhfuil fáil orthu a thuilleadh as.

Cuir isteach an cód PIN más gá.

Athsuiteáil Cainéil

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil satailíte > Déan
cuardach do chainéil > Athshuiteáil cainéil

Is féidir leat satailítí agus cainéil a chuardach arís de
láimh.

1. Roghnaigh rogha amháin a bhfuil uait é a
athshuiteáil.
2. Roghnaigh Socruithe nó roghnaigh Tosaigh chun
cainéil a nuashonrú.

Roghchlár Socruithe

Brúigh  Athshocraigh chun athshocrú, nó
brúigh  Déanta nuair atá na socruithe athraithe
agat.

- Cineál naisc

Roghnaigh an líon satailítí a bhfuil uait iad a shuiteáil.
Socraíonn an teilifís an cineál naisc cuí go
huathoibríoch

- Suas le 4 Satailít - Is féidir leat suas le 4 satailít (4
LNBanna) a shuiteáil ar an teilifís seo. Roghnaigh
díreach an líon satailítí ar mian leat iad a shuiteáil ag
tús na suiteála. Éascóidh sé sin an tsuiteáil.
- Unicable - Is féidir leat córas Unicable a úsáid chun
an mhias aeróige a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat
Unicable a roghnú do shatailít 1 nó 2 satailít ag tús na
suiteála.

- Socruithe LNB

Is féidir leat na sainsocruithe don trasfhreagróir
frithinge agus do gach LNB a athrú i roinnt tíortha. Ná
húsáid ná athraigh na socruithe sin nuair atá teiptha
ar ghnáthshuiteáil. Má tá trealamh satailíte nach
bhfuil caighdeánach agat, is féidir leat na socruithe sin
a úsáid chun na gnáthshocruithe a shárú. D'fhéadfadh
roinnt soláthróirí luachanna don trasfhreagróir nó don
LNB a thabhairt duit ar féidir leat iad a chur isteach
anseo.

- Cumhacht LNB - Is é an socrú réamhshainithe don
Chumhacht LNB ná Air.
- Ton 22 kHz - Is é an socrú réamhshainithe don Ton
ná Uathoibríoch.
- Minicíocht LO Íseal/ Minicíocht LO Ard - Socraítear
minicíochtaí na n-ascltóirí áitiúla do luachanna
caighdeánacha. Ná athraigh na luachanna ach
amháin i gcás trealamh eisceachtúil a bhfuil
luachanna éagsúla ag teastáil uaidh.

Cuir isteach an cód PIN más gá.

Cuir Satailít leis an liosta nó Bain Satailít ón liosta

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil satailíte > Déan cuardach do shatailít > Cuir satailít leis an liosta nó Bain satailít as

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil satailíte > Déan cuardach do shatailít > Cuir satailít leis an liosta

- Is féidir leat satailít bhreise a chur le do shuiteáil satailíte reatha. Ní dhéanann sé aon difríocht do na satailítí suiteáilte ná dá gcainéil. Ní cheadaíonn roinnt oibritheoirí satailíte duit satailít a chur leis an liosta.
- Ba cheart caitheamh leis an satailít bhreise mar rud breise. Ní hé do phríomhshuibscribhinn satailíte é ná an phríomhshatailít a bhfuil a pacáiste cainéal á úsáid agat. Chuirfeá an 4ú satailít leis an liosta nuair atá 3 shatailít suiteáilte agat cheana féin. Má tá 4 shatailít suiteáilte agat cheana féin, d'fhéadfá breithniú a dhéanamh ar cheann a bhaint as chun go mbeifeá in ann satailít nua a shuiteáil.
- Mura bhfuil ach 1 nó 2 satailít suiteáilte agat, tá an seans ann nach ligfidh na socruithe suiteála reatha duit satailít bhreise a chur leis an liosta. Má chaitheann tú na socruithe suiteála a athrú, ní mór duit an tsuiteáil satailíte a athdhéanamh ina iomlán. Ní féidir leat Cuir satailít leis an liosta a úsáid má tá athrú socruithe ag teastáil.

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil satailíte > Déan cuardach do shatailít > Bain satailít as

Is féidir leat satailít amháin nó níos mó a bhaint as ó do shuiteáil satailíte reatha. Baineann tú an tsatailít agus a cainéil as. Tá roinnt oibritheoirí satailíte ann nach gceadaíonn satailít a bhaint as.

Liosta Cainéal Satailíte

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil satailíte > Liosta cainéal satailíte

Is féidir leat do liosta cainéal satailíte a roghnú nuair a bhrúnn tú  LIST chun cainéil satailíte a oscailt.

Is féidir le satailítí pacáistí cainéal a thairiscint a chuachann cainéil shaora agus a thairgeann sórtáil a fheileann do thír. Tairgeann roinnt satailítí pacáistí suibscribhinne - cnuasach cainéal a n-íocann tú astu.

Roghnaigh **Ó phacáiste cainéal sórtáilte** chun cainéil an phacáiste amháin a shuiteáil nó roghnaigh **Gach cainéal neamhshórtáilte** chun an pacáiste a shuiteáil mar aon le gach cainéal eile atá ar fáil freisin.

Molaimid suiteáil Thapaidh i gcás pacáistí suibscribhinne. Má tá satailítí breise agat nach cuid de do phacáiste suibscribhinne iad, molaimid suiteáil iomlán. Cuirtear gach cainéal suiteáilte sa liosta cainéal.

Déan Cuardach Uathoibríoch do Chainéil

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil satailíte > Nuashonrú cainéil uathoibríoch

Má fhaigheann tú cainéil dhigiteacha, is féidir leat an teilifís a shocrú chun an liosta a nuashonrú leis na cainéil nua.

Mar rogha air sin, is féidir leat nuashonrú cainéal a thosú tú féin.

Nuashonrú cainéal uathoibríoch

Déanann an teilifís nuashonrú ar na cainéil agus stórálaíonn sé cainéil nua uair amháin in aghaidh an lae, ag 6 AM. Stórálaíonn cainéil nua sa liosta Gach cainéal ach sa liosta Cainéil nua freisin. Baintear amach cainéil fholmha.

Má aimsítear cainéil nua nó má dhéantar nuashonrú ar chainéil nó má bhaintear as iad, taispeántar teachtaireacht ar an teilifís nuair a chastar air í. Ní mór don teilifís a bheith ar Fuireachas chun cainéil a nuashonrú go huathoibríoch.

Teachtairacht Nuashonrú cainéil

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil satailíte > Teachtaireacht nuashonraithe cainéil

Nuair a aimsítear cainéil nua nó má dhéantar nuashonrú ar chainéil nó má bhaintear as iad, taispeántar teachtaireacht ar an teilifís nuair a chastar air í. Is féidir leat an teachtaireacht sin a chasadh as ionas nach dtaispeánfar í i ndiaidh gach nuashonrú cainéal.

Suiteáil de Láimh

🏠 (Baile) > Socruithe > Suiteáil satailíte > Suiteáil de láimh

Suiteáil satailít de láimh.

- LNB - Roghnaigh an LNB a bhfuil uait cainéil nua a chur leis.

- Polarú - Roghnaigh an polarú atá de dhíth ort.

- Mód ráta siombaile - Roghnaigh De láimh chun ráta siombaile a chur isteach.

- Minicíocht - Cuir isteach an mhinicíocht don trasfhreagróir.

- Cuardaigh - Déan cuardach do thrasfhreagróir.

Fadhbanna

Ní féidir leis an teilifís na satailítí atá uaim a aimsiú nó suiteálann an teilifís an tsatailít chéanna faoi dhó

- Cinntigh go bhfuil an líon ceart satailítí socraithe i

Socruithe ag tús na suiteála. Is féidir leat an teilifís a shocrú chun cuardach a dhéanamh do shatailít amháin, dhá shatailít nó 3/4 shatailít.

Ní féidir le LNB déchnoga an dara satailít a aimsiú

- Má aimsíonn an teilifís satailít amháin ach mura féidir leis an dara ceann a aimsiú, cas an mhias cúpla céim. Ailínigh an mhias chun an comhartha is treise a fháil don chéad satailít. Seiceáil táscaire treise comhartha an chéad satailít ar an scáileán. Nuair atá an chéad satailít socraithe ag an gcomhartha is treise, roghnaigh Cuardaigh arís chun an dara satailít a aimsiú.
- inntigh go bhfuil na socruithe athraithe go Dhá Shatailít.

Níor réitíodh m'fhadhb nuair a athraíodh na socruithe suiteála

- Ní stóráltar aon socrú, satailít nó cainéal go dtí deireadh na suiteála nuair a chríochnaíonn tú.

Tá gach cainéal satailíte imithe.

- á tá córas Unicable in úsáid agat, cinntigh gur shann tú dhá uimhir banda uathúla sna socruithe Unicable don dá thiúnóir ionsuite. D'fhéadfadh glacadóir satailít eile i do chóras Unicable a bheith ag úsáid an uimhir banda úsáideora céanna.

Tá an chosúlacht air go bhfuil roinnt cainéal satailíte imithe ó liosta na gcainéal.

- Má tá an chosúlacht air go bhfuil roinnt cainéal imithe nó san áit mhícheart, d'fhéadfadh suíomh trasfhreagróra na gcainéal sin a bheith athraithe ag an gcraoltóir. Is féidir leat triail a bhaint as nuashonrú ar an bpacáiste cainéal chun suíomhanna na gcainéal a chur ar ais.

Ní féidir liom satailít a bhaint as

- Ní ligeann pacáistí suibscríbhíne duit satailít a bhaint as. Chun an tsatailít a bhaint as, ní mór duit suiteáil iomlán a dhéanamh arís agus pacáiste eile a roghnú.

Bíonn an ghlacacht lag ó am go chéile

- Cinntigh go bhfuil an mhias satailíte gléasta go daingean agat. Tá gaotha láidre in ann an mhias a bhogadh.
- Tá sneachta agus báisteach in ann an glacadh a dhíghrádú.

Cóipeáil Liosta Cainéal

Réamheolas

Is do dhíoltóirí agus d'ardúsáideoirí atá Cóipeáil liosta cainéal beartaithe.

Is féidir leat na cainéil atá suiteáilte ar theilifís amháin

a chóipeáil go dtí teilifís Philips eile den déanamh céanna le **Cóipeáil Liosta Cainéal**. Seachnaíonn tú cuardach cainéal fada trí liosta cainéal atá réamhshainithe a uaslódáil le **Cóipeáil Liosta Cainéal**. Úsáid méaróg chuimhne USB a bhfuil ar a laghad 1 GB de spás saor uirthi.

Coinníollacha

- Is ón raon bliana céanna an dá teilifís. Seiceáil ainm mhúnla na teilifíse leis an uimhir dheireanach. (Mar shampla: i gcás xxPxx4xx3, seasanna 3 do tháirge 2018)
- Tá leaganacha bogearraí comhoiriúnacha ag an dá theilifís, seiceáil an uimhir:

Cóipeáil Liosta Cainéal, Seiceáil Leagan an Liosta Cainéal

Chun liosta cainéal a chóipeáil...

1. Cas air an teilifís. Ba cheart go mbeadh cainéil suiteáilte ag an teilifís seo.
2. Plugáil isteach méaróg chuimhne USB.
3. Brúigh  (Baile) > Socruithe > Socruithe ginearálta > Cóipeáil liosta cainéal.
4. Roghnaigh Cóipeáil chuig USB agus brúigh OK. D'fhéadfaí iarraidh ort an cód PIN Glais Leanaí a chur isteach chun an liosta cainéal a chóipeáil.
5. Nuair atá an chóipeáil déanta, bain amach pluga an mhéaróg chuimhne USB.
6. Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Is féidir leat an liosta cainéal atá cóipeáilte a uaslódáil anois go dtí teilifís Philips eile.

Seiceáil leagan reatha an liosta cainéal...

1. Brúigh  (Baile) > Socruithe > Socruithe ginearálta > Cóipeáil liosta cainéal.
2. Roghnaigh Cóipeáil liosta cainéal agus roghnaigh Leagan Reatha, ansin brúigh OK.
3. Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Liosta Cainéal a Uaslódáil

Teilifíseanna nach bhfuil suiteáilte

Ag brath ar do theilifís a bheith suiteáilte cheana féin nó gan a bheith suiteáilte, ní mór duit bealach éagsúil a úsáid chun liosta cainéal a uaslódáil.

Go dtí teilifís nach bhfuil suiteáilte fós

1. Plugáil isteach an pluga cumhachta chun an

tsuiteáil a thosú agus roghnaigh teanga agus tír. Is féidir leat dul thar an gcuardach cainéal. Críochnaigh an tsuiteáil.

2. Plugáil isteach an mhéaróg chuimhne USB a bhfuil liosta cainéal na teilifíse eile air.

3. Chun tús a chur leis an uaslódáil liosta cainéal, brúigh **🏠 (Baile) > Socruithe > Socruithe ginearálta > Cóipeáil liosta cainéal > Cóipeáil chuig an teilifís agus brúigh** **OK**. Cuir isteach do chód PIN más gá.

4. Cuirfidh an teilfís ar an eolas tú má chóipeáiltear an liosta cainéal go dtí an teilifís go rathúil. Bain amach an mhéaróg chuimhne USB.

Teilifíseanna Suiteáilte

Ag brath ar do theilifís a bheith suiteáilte cheana féin nó gan a bheith suiteáilte, ní mór duit bealach éagsúil a úsáid chun liosta cainéal a uaslódáil.

Go dtí teilifís atá suiteáilte cheana féin

1. Fíoraigh socrú tíre na teilifíse. (Chun an socrú seo a fhíorú, féach ar an gcaibidil **Athshuiteáil cainéil**. Tosaigh an nós imeachta seo go dtí go mbainfidh tú an socrú tíre amach. Brúigh **↩ BACK** chun an tsuiteáil a chealú.)

Má tá an tír ceart, téigh ar aghaidh go dtí céim 2. Mura bhfuil an tír ceart, ní mór duit athshuiteáil a thosú. Féach ar an gcaibidil **Athshuiteáil cainéil** agus tosaigh an tsuiteáil. Roghnaigh an tír cheart agus gabh thar an gcuardach cainéil. Críochnaigh an tsuiteáil. Nuair atá sé sin déanta agat, lean ar aghaidh le céim 2.

2. Plugáil isteach an mhéaróg chuimhne USB a bhfuil liosta cainéal na teilifíse eile air.

3. Chun tús a chur leis an uaslódáil liosta cainéal, brúigh **🏠 (Baile) > Socruithe > Socruithe ginearálta > Cóipeáil Liosta Cainéal > Cóipeáil chuig an teilifís agus brúigh** **OK**. Cuir isteach do chód PIN más gá.

4. Cuirfidh an teilfís ar an eolas tú má chóipeáiltear an liosta cainéal go dtí an teilifís go rathúil. Bain amach an mhéaróg chuimhne USB.

Roghanna Cainéal

Roghanna Oscailte

Agus tú ag féachaint ar chainéal, is féidir leat roinnt roghanna a shocrú.

Ag brath ar an gcineál cainéil a bhfuil tú ag féachaint air (analogach nó digiteach) nó ag brath ar na socruithe teilifíse atá déanta agat, tá roinnt roghanna ar fáil.

Chun roghchlár na roghanna a oscailt...

1. Agus tú ag féachaint ar chainéal, brúigh **≡ OPTIONS**.

2. Brúigh **≡ OPTIONS** arís chun é a dhúnadh..

Fotheidil

Chun Fotheidil a chasadh air, brúigh **SUBTITLE**.

Is féidir leat fotheidil a athrú go **Fotheideal air nó Fotheideal as**. Mar rogha air sin, is féidir leat **Uathoibríoch** a roghnú.

Uathoibríoch

Más faisnéis teanga cuid den chraoladh digiteach agus mura bhfuil an clár atá á chraoladh i do theanga (an teanga a socraíodh ar an teilifís), is féidir leis an teilifís fotheidil a thaispeáint go huathoibríoch i gceann amháin de na teangacha fotheideal atá roghnaithe agat. Ní mór do cheann amháin de na teangacha fotheideal sin a bheith ina cuid den chraoladh.

Is féidir leat na teangacha fotheideal is fearr leat a roghnú in **Teanga Fotheideal**.

Teanga Fotheideal

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fotheideal is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fotheideal eile atá ar fáil a roghnú. Mura bhfuil aon teanga fotheideal ar fáil, ní féidir leat an rogha seo a roghnú.

Teanga Fuaime

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fuaime is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fuaime eile atá ar fáil a roghnú. Mura bhfuil aon teanga fuaime ar fáil, ní féidir leat an rogha seo a roghnú.

Dual I-II

Má tá dhá theanga fuaime ag comhartha fuaime ach gan aon tásc teanga ag teanga amháin nó ag an dá theanga, beidh an rogha seo ar fáil.

Comhéadan Coiteann

Má tá scothábhar réamhíoctha ar fáil ó CAM, is féidir leat socraithe an tsoláthróra a shocrú leis an rogha seo.

Monofónach / Steiréafónach

Is féidir leat fuaim cainéil analógaigh a athrú go Monofónach nó Steiréafónach.

Chun athrú go Monofónach nó Steiréafónach...

1. Tiúnáil go dtí cainéal analógaigh.
2. Brúigh  **OPTIONS**, roghnaigh **Monofónach / Steiréafónach** agus brúigh  (deas).
3. Roghnaigh **Monofónach** nó **Steiréafónach** agus brúigh **OK**.
4. Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Stádas

Roghnaigh **Stádas** chun faisnéis theicniúil faoin gcainéal a fheiceáil.

Clog

Am taispeána ar choirnéal scáileán na teilifíse.

7.3

Liosta Cainéal

Oscail Liosta cainéal

Chun an liosta cainéal reatha a oscailt...

1. Brúigh , chun athrú go dtí an teilifís.
2. Brúigh  **LIST** chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
3. Brúigh  **OPTIONS** > Roghnaigh liosta cainéal, agus roghnaigh liosta cainéal amháin a bhfuil uait féachaint air.
4. Brúigh  **LIST** arís chun an liosta cainéal a dhúnadh.

Roghanna Liosta Cainéal

Oscail an Roghchlár Roghanna

Chun roghchlár roghanna an liosta cainéal a oscailt...

1. Brúigh , chun athrú go dtí an teilifís.
2. Brúigh  **LIST** chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
3. Brúigh  **OPTIONS**, agus roghnaigh ceann de na roghanna.
4. Brúigh  **LIST** arís chun an liosta cainéal a dhúnadh.

Athaimnigh Cainéal

1. Brúigh , chun athrú go dtí an teilifís.
2. Brúigh  **LIST** chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
3. Roghnaigh cainéal amháin a bhfuil uait é a athainmniú.
4. Brúigh  **OPTIONS** > Athainmigh cainéal, agus brúigh **OK**.
5. Brúigh **OK** chun an méarchlár ar an scáileán a oscailt, nó roghnaigh **Folaigh** chun an méarchlár ar an scáileán a fholú.
6. Úsáid na heochracha chun carachtar a roghnú, ansin brúigh **OK**.
 - Brúigh an eochair  (dearg) chun an téacs a chur isteach i gcás íochtair
 - Brúigh an eochair  (glas) chun an téacs a chur isteach i gcás uachtair
 - Brúigh an eochair  (buí) chun uimhir nó siombail a chur isteach
 - Brúigh an eochair  (gorm) chun carachtar a scriosadh
7. Roghnaigh **Déanta** nuair atá tú réidh.
8. Brúigh  **LIST** arís chun an liosta cainéal a dhúnadh.

Cruthaigh nó Athraigh Liosta Cainéal Ceanán

 **LIST** >  **OPTIONS** > Cruthaigh liosta ceanán

Roghnaigh cainéal, ansin brúigh **OK** chun liosta cainéal ceanán a chur leis an liosta, ansin brúigh  **Déanta**.

 **LIST** >  **OPTIONS** > Athraigh ceanáin

Roghnaigh cainéal agus ansin brúigh **OK** chun liosta cainéal ceanán a chur leis an liosta nó a bhaint as, ansin brúigh  **Déanta**.

Roghnaigh Raon Cainéal

 **LIST** >  **OPTIONS** > Roghnaigh raon cainéal

Roghnaigh raon cainéal i liosta cainéal ceanán, ansin brúigh **OK**.

Roghnaigh Liosta Cainéal

 **LIST** >  **OPTIONS** > Roghnaigh liosta cainéal

Roghnaigh raon cainéal i liosta cainéal ceanán, ansin brúigh **OK**.

≡ LIST > ≡ OPTIONS > Glasáil Cainéal, Díghlasáil cainéal

Chun leanaí a chosc ó fhéachaint ar chainéal, is féidir leat cainéal a ghlasáil. Chun féachaint ar chainéal atá glasáilte, ní mór duit an **Cód Glais Leanaí** a chur isteach ar dtús. Ní féidir leat cláir a ghlasáil ó ghléasanna nasctha.

Beidh  in aice leis an lógó cainéil ag an gcainéal glasáilte.

Déan Cuardach do Chainéil

≡ LIST > ≡ OPTIONS > Déan cuardach do chainéal

Is féidir leat cuardach a dhéanamh do chainéal chun é a aimsiú i liosta fada cainéal.

1. Brúigh , chun athrú go dtí an teilifís.
2. Brúigh ≡ LIST chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
3. Brúigh ≡ OPTIONS > Déan cuardach do chainéal, agus brúigh OK.

Sa réimse clóscríbhneoireachta, brúigh OK chun an méarchlár ar an scáileán a oscailt, nó brúigh  BACK chun an méarchlár ar an scáileán a fholú.

Úsáid na heochracha chun carachtar a roghnú, ansin brúigh OK.

- Brúigh an eochair  (dearg) chun an téacs a chur isteach i gcás íochtair
- Brúigh an eochair  (glas) chun an téacs a chur isteach i gcás uachtair
- Brúigh an eochair  (bui) chun uimhir nó siombail a chur isteach
- Brúigh an eochair  (gorm) chun carachtar a scríosadh

4. Roghnaigh Déanta nuair atá tú réidh.

5. Brúigh ≡ LIST arís chun an liosta cainéal a dhúnadh.

7.4

Roghnaigh Scagaire Cainéal

≡ LIST > ≡ OPTIONS > Roghnaigh scagaire cainéal

Roghnaigh ceann de na teaghlaim cainéal atá ar taispeáint sa liosta cainéal.

7.5

Cainéil Ceanáin

Maidir le Cainéil Ceanáin

Is féidir leat liosta cainéal ceanán a chruthú nach bhfuil ann ach na cainéil a bhfuil tú ag iarraidh féachaint orthu. Ní fheicfidh tú ach na cainéil ceanán nuair a athraíonn tú cainéal nuair atá an liosta cainéal Ceanán roghnaithe agat.

Cruthaigh Liosta Ceanán

1. Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ≡ LIST chun an liosta cainéal a oscailt.
2. Roghnaigh an cainéal, agus brúigh  Marcáil mar cheanán chun marcáil mar cheanán.
3. Marcálfar an cainéal roghnaithe le .
4. Brúigh  BACK chun críochnú. Tá na cainéil curtha leis an Liosta ceanán.

Cainéal a bhaint as an Liosta Ceanán

Chun cainéal a bhaint as an liosta ceanán, roghnaigh an cainéal le , ansin brúigh  Dímharcáil mar cheanán arís chun é a dhímharcáil mar cheanán.

Ord Cainéal a athrú

Is féidir leat cainéil a athordú, a suíomh a athrú, i liosta na gCeanán.

1. Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ≡ LIST > ≡ OPTIONS > Roghnaigh liosta cainéal.
2. Roghnaigh Aeróg - Cainéil cheanán , Cábla - Cainéil cheanán nó Satailít - Cainéil cheanán*, agus brúigh OK.
3. Roghnaigh an cainéal atá le hathordú agus brúigh OK.
4. Brúigh na **cnaipí Nascleanúna** chun an cainéal atá roghnaithe a bhogadh go dtí suíomh eile agus brúigh OK.
5. Brúigh OK nuair atá sé sin déanta agat.

* Ní féidir cuardach a dhéanamh ach do chainéal satailíte amháin ar na múnlaí teilifíse xxPxSxxx2, TV.

Téacs / Teilithéacs

Leathanaigh Téacs

Chun Téacs/Teilitéacs a oscailt agus tú ag féachaint ar chainéil teilifíse, brúigh **TEXT**.
Chun Téacs a dhúnadh, brúigh **TEXT** arís.

Roghnaigh leathanach téacs

Chun leathanach a roghnú... .

1. Cuir isteach uimhir an leathanaigh leis na heochracha uimhreacha.
2. Úsáid na heochracha saighde chun nascleanúint.
3. Brúigh eochair datha chun ábhar atá dathchódaithe a roghnú ag bun an scáileáin.

Foleathanaigh téacs

Tá roinnt foleathanach in ann a bheith ag leathanach téacs. Taispeántar uimhreacha na bhfoleathanach ar bharra in aice le huimhir an phríomhleathanaigh.
Chun foleathanach a roghnú, brúigh **<** nó **>**.

T.O.P. Leathanaigh téacs

Tairgeann roinnt craoltóirí Téacs T.O.P. Téacs.
Chun T.O.P. a oscailt Leathanaigh Téacs laistigh de Théacs, brúigh **≡** **OPTIONS** agus roghnaigh forbhreathnú T.O.P.

Roghanna Téacs

Brúigh **≡** **OPTIONS** in Téacs/Teilitéacs chun na rudaí seo a leanas a roghnú...

- Reoigh leathanach

Chun rothlú uathoibríoch fo-leathanach a stopadh.

- Déscáileán / Scáileán iomlán

Chun an cainéal teilifíse agus Téacs a thaispeáint in aice a chéile.

- Forbhreathnú T.O.P.

Chun T.O.P. a oscailt Téacs.

- Méadaigh

Chun an leathanach Téacs a mhéadú le go mbeidh sé éasca é a léamh.

- Nochtaigh

Chun eolas atá i bhfolach ar an leathanach a thaispeáint.

- Timthriall fo-leathanaigh

Chun fo-leathanaigh a thimthriall nuair atá fáil orthu .

- Teanga

Chun an grúpa carachtar a mbaineann Téacs úsáid astu chun taispeáint i gceart a athrú.

- Téacs 2.5

Chun Téacs 2.5 a ghníomhachtú le haghaidh tuilleadh dathanna agus grafaicí níos fearr.

Téacs a Shuiteáil

Teanga théacs

Bionn roinnt teangacha Téacs ar fáil ag roinnt craoltóirí teilifíse digití.
Chun an phríomhtheanga agus an teanga thánaisteach Téacs a shocrú . . .

1. Brúigh **⬆**, roghnaigh **Socruithe >** **Reigiún agus Teanga** agus brúigh **>** (deas) chun an roghchlár a oscailt.
2. Roghnaigh **Teangacha** agus brúigh **>** (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3. Roghnaigh **Teilitéacs** **Príomhúil** nó **Teilitéacs Tánaisteach** agus brúigh **OK**.
4. Roghnaigh an teanga atá uait agus brúigh **OK**.
5. Brúigh **<** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Eolaire Teilifíse

8.1

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat liosta de na cláir reatha agus iad siúd atá sceidealta ar do chainéil a fheiceáil leis an Eolaire Teilifíse. Taispeánfar cainéil analógacha agus dhigiteacha nó cainéil dhigiteacha amháin, ag brath ar cé as atá eolas (sonraí) an eolaire teilifíse ag teacht. Ní bhíonn eolas Eolaire Teilifíse ag gach cainéal.

Is féidir leis an teilifís eolas ón eolaire teilifíse a bhailiú do na cainéil atá suiteáilte ar an teilifís (e.g na cainéil a bhféachann tú orthu le Féach ar theilifís). Ní féidir leis an teilifís eolas ón Eolaire Teilifíse a bhailiú do chainéil a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach.

8.2

An Eolaire Teilifíse a Úsáid

Oscail an Eolaire Teilifíse

Chun an t-eolaire teilifíse a oscailt, brúigh  TV GUIDE.

Brúigh  TV GUIDE arís chun dúnadh.

Déanann an teilifís scanadh ar gach cainéal teilifíse le haghaidh eolas cláir an chéad uair a osclaíonn tú an tEolaire Teilifíse. D'fhéadfadh sé seo roinnt nóiméad a thógáil. Stóráiltear sonraí Eolaire Teilifíse sa teilifís.

Tiúin do Chlár

Athraigh go clár

Is féidir leat athrú go clár reatha ón eolaire teilifíse. Chun clár a roghnú, úsáid na méaracha saighde chun ainm an chláir a roghnú.

Gluais i dtreo na láimhe deise chun féachaint ar chláir atá sceidealaithe níos deireanaí an lá sin.

Chun athrú go dtí an clár (cainéal), roghnaigh an clár agus brúigh OK.

Féach ar shonraí cláir

Chun sonraí an chláir atá roghnaithe a fháil, brúigh  INFO .

Athraigh an Lá

Má thagann eolas ón Eolaire Teilifíse ón gcráoltóir, is féidir leat  + a bhrú chun sceideal ceann de na laethanta amach anseo a fheiceáil. Brúigh  - chun filleadh ar an lá roimhe sin.

Mar rogha air sin, is féidir leat  OPTIONS a bhrú agus Athraigh lá a roghnú.

Meabhrúchán a Shocrú

Is féidir leat meabhrúchán a shocrú do chlár. Tabharfaidh teachtaireacht rabhadh duit ag tús an chláir. Is féidir leat tiúnáil go dtí an cainéal sin láithreach.

Marcáitar clár a bhfuil meabhrúchán air le  (clog).san Eolaire teilifíse.

Chun meabhrúchán a shocrú...

1. Brúigh  TV GUIDE agus roghnaigh clár atá le craoladh go gairid.
2. Brúigh  Socraigh meabhrúchán agus brúigh OK.

Chun meabhrúchán a ghlanadh...

1. Brúigh  TV GUIDE agus roghnaigh clár leis an meabhrúchán, a bheidh marcáilte le  (clock).
2. Brúigh  Glan meabhrúchán, agus roghnaigh Tá, ansin brúigh OK.

Cuardaigh de réir Seánra

Má tá an t-eolas ar fáil, is féidir leat cláir sceidealaithe a aimsiú de réir seánra cosúil le scannáin, spóirt, srl.

Chun cuardach a dhéanamh do chláir de réir seánra, brúigh  OPTIONS agus roghnaigh Cuardaigh de réir Seánra.

Roghnaigh seánra agus brúigh OK. Taispeánfar liosta leis na cláir a aimsíodh.

Liosta Meabhrúchán

Is féidir leat féachaint ar an liosta meabhrúchán atá socraithe agat.

Liosta Meabhrúchán

Chun an liosta meabhrúchán a oscailt...

1. Brúigh  Eolaire Teilifíse .
2. Brúigh  OPTIONS agus roghnaigh Gach meabhrúchán.
3. Sa liosta meabhrúchán, roghnaigh an meabhrúchán a bhfuil uait é a bhaint as, agus marcálfar an meabhrúchán roghnaithe mar .

4. Brúigh , roghnaigh Glan a bhfuil roghnaithe agus brúigh OK.
5. Roghnaigh Dún chun an liosta meabhrúchán a dhúnadh.

Socraigh Taifeadadh

Is féidir leat taifeadadh a shocrú san Eolaire Teilifíse.

Marcáitar clár atá le taifeadadh san Eolaire teilifíse le .

Chun an liosta taifeadta a fheiceáil, brúigh  **Taifeadtaí**, marcáitar clár atá le taifeadadh le  (ponc dearg) ar ainm an chlár.

Chun clár a thaifeadadh...

1. Brúigh  **TV GUIDE** agus roghnaigh clár atá á chraoladh faoi láthair nó atá le craoladh sa todhchaí.
2. Brúigh an eochair datha  **Taifead**.

Chun taifeadadh a chur ar ceal...

1. Brúigh  **TV GUIDE** agus roghnaigh an clár atá socraithe le haghaidh a thaifeadta.
2. Brúigh an eochair datha  **Glan Taifeadadh**.

Taifeadadh agus Cuir Teilifís ar Sos

9.1

A bhfuil de dhíth ort

Má nascann tú Diosca Crua USB, is féidir leat craoltaí teilifíse digití a chur ar sos nó a thaifeadadh (craoltaí DVB nó a leithéid).

Íos-Spás Diosca

- Chun craoladh a chur ar sos, teastaíonn Diosca Crua uait atá comhoiriúnach le USB agus a bhfuil ar a laghad 4GB de spás air.
- Chun craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, teastaíonn diosca a bhfuil ar a laghad 32GB de spás saor air.

Sular féidir leat craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, ní mór duit Diosca Crua USB a nascadh agus a fhoráidíú. Bainfidh an formáidiú as gach comhad ón Diosca Crua USB.

Chun craoladh a chur ar sos

Chun craoladh a chur ar sos, teastaíonn Diosca Crua uait atá comhoiriúnach le USB agus a bhfuil ar a laghad 4GB de spás air.


Chun craoladh a thaifeadadh

Chun craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, teastaíonn diosca a bhfuil ar a laghad 32GB de spás saor air.

1. Nasc an Diosca Crua USB le ceann de na naisc **USB** ar an teilifís. Ná nasc gléas USB eile leis na poirt USB eile nuair atá tú i mbun formáidithe.
2. Cas air an Diosca Crua USB agus an teilifís.
3. Nuair atá an teilifís tiúnáilte le cainéal teilifíse digití, brúigh **II** (Cuir ar Sos). Má dhéanann tú iarracht é a chur ar sos, tosóidh an formáidiú.

Lean na treoracha ar an scáileán.

Nuair a bheidh an Diosca Crua USB formáidithe, fág nasctha go buan é.



Rabhadh:

Tá an Diosca Crua USB formáidithe go heisiach don teilifís seo agus ní féidir leat na taifeadtaí stóráilte a úsáid ar theilifís ná ar ríomhaire eile. Ná cóipeáil agus ná hathraigh comhaid taifeadtaí ar an Diosca Crua USB le haon fheidhmchlár ríomhaireachta. Truailleoidh sé sin do thaifeadtaí. Nuair a fhoráidíonn tú Diosca Crua USB eile, caillfear an méid a bhí ar an gceann roimhe sin. Beidh athfhoráidíú ag teastáil ó Dhiosca Crua USB atá suiteáilte ar do theilifís le haghaidh a úsáide le ríomhaire.

9.2

Taifeadadh

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilifíse digití a thaifeadadh agus féachaint air níos deireanaí.

Chun clár teilifíse a thaifeadadh, teastaíonn na nithe seo a leanas uait...

- Tiomántán Diosca Crua USB formáidithe nasctha ar an teilifís seo
- cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilte ar an teilifís seo
- chun eolas faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán
- socrú cloig teilifíse iontaofa. Má athshocraíonn tú clog na teilifíse de láimh, d'fhéadfadh na taifeadtaí teipeadh.

Ní féidir leat taifeadadh nuair atá Cuir an Teilifís ar Sos in úsáid agat.

Maidir le reachtaíocht cóipchirt a fhorfeidhmiú, is féidir le roinnt soláthróirí DVB srianta éagsúla a chur i bhfeidhm trí theicneolaíocht DRM (Bainistíocht Ceart Digiteach) a úsáid. I gcás cainéil chosanta a chraoladh, d'fhéadfadh srian a bheith ar thaifeadadh, ar bhailíocht taifead nó ar an líon amharc. D'fhéadfadh cosc iomlán a bheith ar thaifeadadh. Sa chás go ndéantar iarracht craoladh cosanta a thaifeadadh nó taifead éagtha a athsheinnt, seans go dtaispeánfaí teachtaireacht earráide.

Clár a Thaifeadadh

Taifead Anois

Chun an clár a bhfuil tú ag féachaint air anois a thaifeadadh, brúigh  (Taifead) ar an gclár. Tosóidh an taifeadadh láithreach.

Chun taifeadadh a stopadh, brúigh  (Stop).

Nuair atá sonraí ón Eolaire Teilifíse ar fáil, taifeadfar an clár a bhfuil tú ag féachaint air ón nóiméad a bhrúigh an eochair taifeadta go dtí go dtagann deireadh leis an gclár. Mura bhfuil aon sonraí Eolaire Teilifíse ar fáil, ní mhairfidh an taifeadadh ach 30 nóiméad. Is féidir leat an t-am a chríochnóidh an taifeadadh a athrú sa liosta **Taifeadtaí**.

Sceidealaigh Taifeadadh

Is féidir leat taifeadadh cláir atá le craoladh inniu nó i gceann cúpla lá (suas le 8 lá) a sceidealú. Bainfidh an teilifís úsáid as na sonraí ón Eolaire Teilifíse chun tús a chur le taifeadadh agus chun deireadh a chur leis.

Chun clár a thaifeadadh...

1. Brúigh  **Eolaire Teilifíse**.
2. Ar leathanach an Eolaire Teilifíse, roghnaigh an cainéal agus an clár a bhfuil uait é a thaifeadadh. Brúigh  (Deas) nó  (Clé) chun scrolláil trí chlár cainéil.
3. Agus an clár roghnaithe agat, brúigh an eochair datha  **Taifead**. Tá an clár sceidealta chun taifeadadh. Taispeánfar rabhadh go huathoibríoch nuair atá taifeadtaí sceidealta atá ag forluí ar a chéile. Má tá tú ag beartú clár a thaifeadadh nuair nach bhfuil tú sa bhaile, ná déan dearmad an teilifís a fhágáil ar Fuireachas agus an Diosca Crua USB a fhágáil casta air.

Liosta Taifeadtaí

Is féidir leat do chuid taifeadtaí a fheiceáil agus a bhainistiú sa liosta taifeadtaí. In aice leis an liosta taifeadtaí, tá liosta eile ann do thaifeadtaí sceidealta agus do mheabharrúcháin.

Chun an liosta taifeadtaí a oscailt...

1. Brúigh  **Eolaire Teilifíse**.
2. Brúigh an eochair datha  **Taifeadtaí**.
3. Nuair atá taifeadadh roghnaithe sa liosta, is féidir an taifeadadh a bhaint as leis an eochair datha  **Bain As**. Is féidir leat taifeadadh a athainmniú leis an eochair datha  **Athainmnigh**. Nó is féidir leat an eochair datha  **Athraigh an t-am** a bhrú chun am tosaithe agus críochnaithe an taifeadta a athrú.

Féach ar Thaifeadadh

Chun féachaint ar thaifeadadh...

1. Brúigh  **Eolaire Teilifíse**.
2. Brúigh an eochair datha  **Taifeadtaí**.
3. Sa liosta taifeadtaí, roghnaigh an taifeadadh atá uait agus brúigh  chun tosú ag féachaint.
4. Is féidir leat úsáid a bhaint as na heochracha  (cuir ar sos),  (seinn),  (atochras),  (mearchasadh) nó  (stop).
5. Chun athrú ar ais go féachaint ar theilifís, brúigh  **EXIT**.

9.3

Cuir teilifís ar sos

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilifíse digiti a chur ar sos agus tosú ag féachaint air arís níos deireanaí.

Chun clár teilifíse a chur ar sos, beidh na nithe seo ag teastáil uait...

- Tiomántán Diosca Crua USB formáidithe nasctha ar an teilifís seo
- cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilte ar an teilifís seo
- chun eolas faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán

Nuair atá an Diosca Crua USB nasctha agus formáidithe, stóráil an teilifís an craoladh teilifíse a bhfuil tú ag féachaint air go leanúnach. Nuair a athraíonn tú go cainéal eile, glantar craoladh an chainéil roimhe sin. Nuair a athraíonn tú an teilifís go Fuireachas, glantar an craoladh freisin.

Ní féidir leat an Teilifís a chur ar Sos agus tú i mbun taifeadta.

Clár a chur ar sos

Chun craoladh a chur ar sos agus a thosú arís...

Chun craoladh a chur ar sos, brúigh  (Cuir ar sos). Taispeánfar barra dul chun cinn ag bun an scáileáin. Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint ar an scáileán arís, brúigh  (Cuir ar sos) arís. Chun tosú ag féachaint arís, brúigh  (Seinn).

Nuair atá an barra dul chun cinn ar an scáileán, brúigh  (Atochrais) nó brúigh  (Ar Aghaidh) chun an áit a bhfuil uait tosú ag féachaint ar an gcraoladh atá curtha ar sos a roghnú. Brúigh na heochracha sin arís agus arís eile chun an luas a athrú.

Is féidir leat craoladh a chur ar sos ar feadh tréimhse ama nach faide ná 90 nóiméad.

Brúigh ■ (Stop) chun filleadh ar an gcraoladh beo teilifíse féin.

Athsheinn

Mar go stórála an teilifís an craoladh a bhfuil tú ag féachaint air, is féidir leat an craoladh a athsheinnt ar feadh roinnt soicind.

Chun an craoladh reatha a athsheinnt ...

1. Brúigh || (Cuir ar sos)
2. Brúigh ◀◀ (Atochas). Is féidir leat ◀◀ a bhrú arís agus arís eile chun an áit a bhfuil uait tosú ag féachaint ar an gcraoladh atá curtha ar sos a roghnú. Brúigh na heochracha sin arís agus arís eile chun an luas a athrú. Bainfidh tú tús na stórála craolta amach nó an t-uasmhéid achar ama.
3. Brúigh ▶ (Seinn) chun féachaint ar an gcraoladh arís.
4. Brúigh ■ (Stop) chun féachaint ar an gcraoladh beo.

Meáin

Ó Nasc USB

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghaif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó mhéaróg chuimhne USB nó diosca crua USB nasctha.

Agus an teilifís casta air agat, plugáil isteach méaróg chuimhne USB nó Diosca Crua USB sa nasc USB.

Brúigh  SOURCES, ansin roghnaigh  USB, is féidir leat do chomhaid sa struchtúr fillteán atá eagraithe agat ar an Diosca Crua USB a bhrabhsáil.

Rabhadh:

Má dhéanann tú iarracht clár a chur ar sos nó é a thaifeadadh nuair atá Diosca Crua USB, iarrfaidh an teilifís ort an Diosca Crua USB a fhormáidiú. Scríosfaidh an formáidiú seo gach comhad reatha ar an Diosca Crua USB.

Grianghraif

Féach ar Ghrianghraif

Oscail fillteán grianghraf

1. Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
2. Roghnaigh  Méaróg Chuimhne USB agus brúigh  (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
3. Roghnaigh Grianghraif, is féidir leat  Liosta a bhrú le haghaidh amharc liosta nó brúigh  Mionsamhlacha le haghaidh amharc mionsamhla .

Féach ar chomhad grianghraif

1. Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
2. Roghnaigh  Méaróg Chuimhne USB agus brúigh  (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
3. Roghnaigh Grianghraif agus roghnaigh ceann de na grianghraif, is féidir leat OK a bhrú chun féachaint ar an ngrianghraf a roghnaigh tú.

Roghanna Grianghraif

Nuair atá grianghraif ar an scáileán, brúigh  OPTIONS chun...

Cuir tús le taispeántas sleamhnán, cuir deireadh le taispeántas sleamhnán
Cuir tús le nó cuir deireadh le taispeántas sleamhnán.

Trasdulta taispeántas sleamhnán
Socraigh an trasdul ó phictiúr amháin go dtí an chéad phictiúr eile.

Minicíocht an taispeántais sleamhnán

Roghnaigh an t-am a mbeidh gach grianghraf ar taispeánt.

Seinn arís, Seinn uair amháin

Féach ar na pictiúir arís agus arís eile, nó díreach uair amháin.

Athsheinn go randamach air, Athsheinn go randamach as

Féach ar na pictiúir in ord seicheamhach, nó go randamach.

Rothlaigh íomhá

Rothlaigh grianghraf.

Físeáin

Físeáin a Sheinnt

Chun físeán a sheinnt ar an teilifís...

Roghnaigh  Físeáin , agus roghnaigh ainm an chomhaid agus brúigh OK.

- Chun an físeán a chur ar sos, brúigh OK. Brúigh OK arís chun leanúint ar aghaidh.
- Chun atochrais nó mear-chasadh, brúigh  nó .
- Brúigh na heochracha roinnt uaireanta chun an luas a ardú – 2x, 4x, 8x, 16x, 32x.
- Chun dul go dtí an chéad fhíseán eile i bhfillteán, nó an ceann roimhe sin, brúigh  + nó  –.
- Chun athsheinnt an fhíseáin a stopadh, brúigh  (Stop).
- Chun dul ar ais go dtí an fillteán, brúigh .

Oscail fillteán físeán

1. Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
2. Roghnaigh Méaróg Chuimhne USB agus brúigh  (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
3. Roghnaigh Físeáin, is féidir leat  Liosta a bhrú le haghaidh amhairc liosta nó brúigh  Mionsamhlacha le haghaidh amhairc mionsamhla.

Seinn comhad físeáin

1. Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
2. Roghnaigh Méaróg Chuimhne USB agus brúigh  (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
3. Roghnaigh Físeáin agus roghnaigh físeán, is féidir leat OK a bhrú chun an físeán atá roghnaithe agat a sheinnt nó brúigh  Seinn gach ceann chun gach

comhad físeáin san fhillteán a sheinnt.

Roghanna Físeáin

I rith athsheinnt an fhíseáin,
brúigh  OPTIONS chun...

Fotheidil

Taispeáin na fotheidil má tá siad ar fáil, roghnaigh **Air**,
As, nó **Air i rith balbhaithe**.

Teanga fotheideal

Seinn an teanga fotheidil más ann dó.

Tacar carachtair

Roghnaigh tacar carachtair.

Teanga fuaime

Seinn an teanga fuaime más ann dó.

**Athsheinn go randamach air, Athsheinn go
randamach as**

Seinn físeáin in ord seicheamhach, nó go
randamach.

Seinn arís, Seinn uair amháin

Seinn físeáin arís agus arís eile nó díreach uair
amháin.

Taispeáin sonraí

Taispeáin eolas comhaid, cosúil leis an mód fuaime.

Socruithe na bhFotheideal

Socraigh dath, méid cló, suíomh na bhfotheideal,
agus an fritháireamh sionc ama má tá fáil air.

10.4

Ceol

Seinn Ceol

Oscail fillteán ceoil

1. Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus
brúigh **OK**.
2. Roghnaigh  Méaróg Chuimhne USB agus
brúigh  (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
3. Roghnaigh **Ceol**, is féidir leat na comhaid ceoil a
fheiceáil i liosta.

Seinn comhad ceoil

1. Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus
brúigh **OK**.
2. Roghnaigh  Méaróg Chuimhne USB agus
brúigh  (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
3. Roghnaigh **Ceol** agus roghnaigh comhad ceoil, is
féidir leat **OK** a bhrú chun an ceol atá roghnaithe
agat a sheinnt nó brúigh  **Seinn gach ceann** chun
gach comhad ceoil san fhillteán a sheinnt.

Roghanna Ceoil

Roghanna chun ceol a sheinnt..

Seinn arís, Seinn uair amháin

Seinn amhráin arís agus arís eile nó díreach uair
amháin.

**Athsheinn go randamach air, Athsheinn go
randamach as**

Seinn amhráin in ord seicheamhach, nó go
randamach.

Oscail na Roghchláir Socruithe Teilifíse

Forbhreathnú ar an Roghchlár Baile

Brúigh  (Baile) chun ceann de na roghchláir thíos a roghnú, ansin brúigh OK.

Cainéil

Tá gach cainéal sa ró seo.

- Brúigh OK chun an eolaire teilifíse a oscailt.
- Brúigh  (clé) chun féachaint ar chainéil a bhfuil lógónna cainéil orthu, nó roghnaigh Féach ar gach ceann chun gach cainéal a fheiceáil.

Naisc, Liosta

Tá na foinsí atá ar fáil sa teilifís seo sa ró seo.

Feidhmeanna

Tá feidhmeanna teilifíse atá ar fáil don úsáideoir sa ró seo.

Socruithe

Tá socruithe sa ró seo atá ar fáil don úsáideoir.

Roghchlár Áirgí

Eolaire teilifíse

Oscail an t-eolaire teilifíse Chun tuilleadh eolais a fháil, sa Treoir úsáideora, féach an chaibidil faoin Eolaire teilifíse.

Taifeadtaí

Chun tuilleadh eolais a fháil, sa Treoir Úsáideora, féach ar an gcaibidil Taifeadadh agus Cuir Teilifís ar Sos.

Cainéil

Féach ar an liosta cainéal.

Nuashonraigh bogearraí

Chun tuilleadh eolais a fháil, sa Treoir úsáideora, féach an chaibidil Bogearraí.

Físeán Taispeána

Féach ar Fhíseán Taispeána Fúmsa chun físeán taispeána a fháil.

Mearsocruithe agus Gach Socrú

Roghchlár Mearsocruithe:

Brúigh an eochair  SETUP ar an gclianrialtán chun na socruithe a úsáidtear go minic sa roghchlár Mearsocruithe a aimsiú.

- **Stíl pictiúir:** Roghnaigh ceann de na stíleanna pictiúir réamhshainithe le haghaidh an fhéachaint pictiúir is fearr.
- **Formáid pictiúir:** Roghnaigh ceann de na formáidí pictiúir réamhshainithe a oireann don scáileán.
- **Stíl fuaime :** Roghnaigh ceann de na stíleanna fuaime réamhshainithe le haghaidh na socruithe is fearr d'fhuaim.
- **Airde Fuaime na gCluasán:** Athraigh airde fuaime cluasáin nasctha.
- **Fuaim amach:** Socraigh an teilifís chun an fhuaim a sheinnt ar an teilifís nó ar an gcóras fuaime nasctha.
- **Clog:** Taispeáin an clog ar an scáileán teilifíse ar thaobh na láimhe deise.
- **Uaineadóir codlata:** Socraigh an teilifís chun athrú go Fuireachas go huathoibríoch tar éis tréimhse ama réamhshainithe
- **Gach socrú:** Féach ar an roghchlár Gach socrú.
- **Cabhair Déan nuashonrú bogearraí** go héasca, athshocraigh an teilifís go dtí na réamhshocruithe, agus léigh an treoir úsáideora.

Roghchlár Gach socrú:

Brúigh an eochair  (baile) ar an gclianrialtán, roghnaigh Socruithe, agus brúigh OK.

Gach Socrú

Socruithe pictiúir

Stíl Phictiúir

Roghnaigh stíl

Chun an pictiúr a choigeartú go héasca, is féidir leat stíl pictiúir réamhshainithe a roghnú.

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Stíl pictiúir

Is iad na Stíleanna pictiúir atá ar fáil. . .

- **Pearsanta** - Na roghanna pictiúir a shocraíonn tú i rith na chéad suiteála.
- **Beoga** - Oiriúnach le hamharc air i solas an lae
- **Nádúrtha** - Socruithe nádúrtha pictiúir
- **Caighdeánach** - An socrú is fearr ó thaobh choigilt fuinnimh
- **Scannán** - Oiriúnach do scannáin
- **Cluiche** - Oiriúnach do chluichíocht

Stíl a shaincheapadh

Is féidir leat socruithe pictiúir a athrú agus a stóráil sa stíl pictiúir atá roghnaithe faoi láthair, cosúil le **Dath**, **Codarsnacht** nó **Géire**.

Stíl a aisghabháil

Chun an stíl a aisghabháil go dtí a socrú bunaidh, roghnaigh **Stíl pictiúir**, ansin brúigh  **Aisghabh stíl**.

Dath, Codarsnacht, Géire, Gile

Chun an dath pictiúir a athrú

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Dath

Brúigh na saigheada  (suas) nó  (síos) chun luach sáithithe datha an phictiúir a athrú.

Chun an chodarsnacht pictiúir a athrú

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Codarsnacht

Brúigh na saigheada  (suas) nó  (síos) chun luach codarsnachta an phictiúir a athrú.

Is féidir leat an luach codarsnachta a íslíú chun an tomhaltas cumhachta a laghdú.

Chun an ghéire pictiúir a athrú

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Géire

Brúigh na saigheada  (suas) nó  (síos) chun luach géire an phictiúir a athrú.

Ardsocruithe Pictiúr

Ríomhaire

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Ríomhaire

Athraigh an socrú go **Air don socrú pictiúir** is fearr nuair atá do theilifís in úsáid mar mhonatóir ríomhaireachta agat.

* Níl fáil air ach amháin d'fhoinsí HDMI agus VGA.

Socruithe Datha

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Dath

Athraigh an breisiú datha

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Dath > Breisiú datha

Roghnaigh **Uasmhéid**, **Meánmhéid**, nó **Íosmhéid** chun leibhéal na déine datha agus na mionsonraí a shocrú i ndathanna geala.

Roghnaigh an teocht datha réamhshainithe

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Dath > Teocht datha

Roghnaigh **Normálta**, **Teolaí**, nó **Fionnuar** chun teocht datha do rogha a shocrú.

Saincheap teocht datha

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Dath > Teocht datha shaincheaptha

Roghnaigh Saincheap sa roghchlár Teocht datha chun teocht datha a shaincheapadh tú féin. Brúigh na saigheada  (suas) nó  (síos) chun an luach a athrú.

Socruithe Codarsnachta

Móid Codarsnachta

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht > Mód codarsnachta

Roghnaigh **Normálta**, **Optamaithe do phictiúr**, **Optamaithe do choigilt fuinnimh** chun an teilifís a shocrú chun an chodarsnacht a laghdú go huathoibríoch, chun an tomhaltas cumhachta is fearr a roghnú, nó an t-eispéireas pictiúir is fearr, nó roghnaigh **As** chun an a-athrú a chasadh as.

Codarsnacht Dhinimiciúil

 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht > Codarsnacht dhinimiciúil

Roghnaigh **Uasmhéid**, **Meánmhéid**, nó **Íosmhéid** chun an leibhéal ag a bhfeabhsaíonn an teilifís sonraí i limistéir dhiorcha, láir agus gheala an phictiúir go huathoibríoch a shocrú.

Codarsnacht Físe, Gáma

Codarsnacht físe

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht > Codarsnacht físe

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun leibhéal na codarsnachta físe a athrú.

Gáma

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht > Gáma

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun socrú neamh-líneach a shocrú do lonras agus codarsnacht an phictiúir.

Super Resolution

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Géire > Super Resolution

Roghnaigh Air le haghaidh géire níos fearr sna himill líne agus sna sonraí.

Glan Pictiúr

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Glan pictiúr

Laghdú torainn

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Glan pictiúr > Laghdú torainn

Roghnaigh Uasmhéid, Meánmhéid, Íosmhéid chun an leibhéal a shocrú chun torann in ábhar físe a bhaint as. Feictear torann den chuid is mó mar phoncanna beaga gluaisteacha sa phictiúr ar an scáileán.

Géire, Laghdú Déantán MPEG

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Glan pictiúr > Laghdú Déantán MPEG

Roghnaigh Air chun na trasdulta digiteacha sa phictiúr a smúdáil. Is mar bhloic bheaga nó mar chiumhaiseanna eangacha in íomhánna ar an scáileán is minicí a fheictear déantáin MPEG.

Formáid agus Ciumhaiseanna

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Formáid agus ciumhaiseanna

Formáid pictiúir

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Formáid agus ciumhaiseanna > Formáid pictiúir

Má tá barraí dubha le feiceáil ag barr agus ag bun an phictiúir nó ar gach taobh de, is féidir leat an fhoráid pictiúir a choigeartú go formáid pictiúir a líonann an scáileán.

Imill scáileáin

🏠 (Baile) > Socruithe > Pictiúr > Formáid agus ciumhaiseanna > Formáid pictiúir > Imill scáileáin

Is féidir leat an pictiúr a dhéanamh beagán níos mó chun ciumhaiseanna díchumtha a cheilt le Ciumhaiseanna scáileáin.

Socruithe Fuaime

Stíl Fuaime

Roghnaigh stíl

Is féidir leat socrú fuaime réamhshainithe a roghnú chun an fhuaim a athrú go héasca.

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Stíl fuaime

Is iad na stíleanna fuaime atá ar fáil. . .

- **Pearsanta** - Na roghanna fuaime a shocraíonn tú an chéad uair a chasann tú air í.
- **Original** - An socrú fuaime is neadraí
- **Scannán** - Oiriúnach do scannáin
- **Ceol** - Oiriúnach do cheol
- **Cluiche** - Oiriúnach do chluichíocht
- **Nuacht** - Oiriúnach do chaint

Stíl a shaincheapadh

Is féidir leat socruithe fuaime a athrú agus a stóráil sa stíl fuaime atá roghnaighte faoi láthair, cosúil le Dord nó Treble.

Stíl a aisghabháil

Chun an stíl a aisghabháil go dtí a socrú bunaidh, roghnaigh Stíl fuaime, ansin brúigh  Aisghabh stíl.

Dord, Tribil

Dord

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Dord

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun leibhéal na dton íseal san fhuaim a athrú.

Tribil

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Tribil

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun leibhéal na dton ard san fhuaim a athrú.

Airde fuaime na gCluasán

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Airde fuaime cluasán

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun airde fuaime cluasáin nasctha a athrú leis féin.

Imfhuaim

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Imfhuaim

Roghnaigh an éifeacht mód imfhuaime do na callairí teilifíse inmheánacha.

Lonnú Teilifíse

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Lonnú teilifíse

Roghnaigh Ar sheastán teilifíse nó Ar an mBalla chun an t-atáirgeadh fuaime is fearr a fháil de réir an socruithe.

Ardsocruithe Fuaime

Rialú Airde Fuaime

Uath-Leibhéaladh Airde Fuaime

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Uath-Leibhéaladh airde fuaime

Roghnaigh Air chun difríochtaí airde fuaime tobanna a leibhéaladh amach. Tarlaíonn sé go hiondúil nuair atá cainéil á n-athrú agat.

Delta volume

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Delta volume

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun an

luach delta a athrú d'airde fuaime challairí na teilifíse.

Socraithe d'Fhuaim Amach

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Fuaim amach

Socraigh an teilifís chun an fhuaim a sheinnt ar an teilifís nó ar an gcóras fuaime nasctha.

Is féidir leat an áit a bhfuil tú ag iarraidh fuaime na teilifíse a chloisteáil a roghnú, agus an chaoi a bhfuil uait é a rialú.

– Má roghnaíonn tú Callairí Teilifíse as, casann tú as callairí na teilifíse go buan.

– Má roghnaíonn tú Callairí teilifíse, beidh callairí teilifíse air i gcónaí.

Le gléas fuaime nasctha le HDMI CEC, roghnaigh córas fuaime HDMI. Casfaidh an teilifís as callairí na teilifíse nuair atá an gléas ag seinnt na fuaime.

Clear Sound

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Dialóg ghlan

Roghnaigh Air chun an fhuaim do chaint a fheabhsú. Feileann sé go breá do chlár nuachta.

Socruithe Aschuir Dhigitigh

Tá socruithe aschuir dhigitigh ar fáil do chomharthaí optúla agus HDMI ARC fuaime.

Formáid Dhigiteach amach

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Formáid dhigiteach amach

Socraigh comhartha fuaime amach na teilifíse chun dul in oiriúint do chumais fuaime an Chóras Amharclainne Baile nasctha.

– Má tá Córas Amharclainne Baile (HTS) agat a bhfuil cumais próiseála fuaime ilchainéal aige, socraigh an Fhormáid Fuaime amach go dtí Ilchainéal. Ligeann an socrú Ilchainéal don teilifís an comhartha fuaime ilchainéil comhbhrúite a sheoladh ó chainéal teilifíse nó seinnteoir nasctha go dtí an Córas Amharclainne Baile.

– Má tá Córas Amharclainne Baile agat nach bhfuil próiseáil fuaime ilchainéil aige, roghnaigh Steiréó.

Leibhéaladh Digiteach Amach

🏠 (Baile) > Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Leibhéaladh digiteach amach

Athraigh an leibhéal treise ó ghléas atá nasctha le

haschur digiteach fuaime (SPDIF) nó HDMI.

- Roghnaigh **Níos mó** chun airde fuaime níos treise a bheith agat.
- Roghnaigh **Níos lú** chun airde fuaime níos boige a bheith agat.

Moill Digiteach amach

[🏠 \(Baile\) > Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Moill digiteach amach](#)

I gcás roinnt Córas Amharclainne Baile, tá an seans ann go mbeidh ort an mhoill sionc Fuaime a mhionathrú chun an fhuaim a shioncronú leis an bhfís. Roghnaigh **As** má tá moill fuaime socraithe ar do Chóras Amharclainne Baile.

Seach-chur Digiteach amach (Níl fáil air ach amháin nuair atá Moill Digiteach amach socraithe go Air)

[🏠 \(Baile\) > Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Seach-chur digiteach amach](#)

Murar féidir leat moill a shocrú ar an gCóras Amharclainne Baile, is féidir leat an teilifís a shocrú chun an fhuaim a shioncronú. Is féidir leat seach-chur a shocrú a dhéanann cúiteamh don mhéid ama atá ag teastáil ón gCóras Amharclainne Baile chun fuaim phictiúr na teilifíse a phróiseáil. Is féidir leat an luach a shocrú i gcéimeanna 5ms. Is é 60ms an socrú is airde.

Éicea-Socruithe

Socraigh leibhéal coigiltis fuinnimh

[🏠 \(Baile\) > Socruithe > Éicea-socruithe > Coigilt fuinnimh](#)

Roghnaigh **Íosmhéid**, **Meánmhéid**, nó **Uasmhéid** chun céimeanna éagsúla coigilt fuinnimh a roghnú, nó roghnaigh **As** chun mód choigilt fuinnimh a chasadh as.

Socraigh an scáileán go As chun fuinnimh a choigilt

[🏠 \(Baile\) > Socruithe > Éicea-socruithe > Scáileán as](#)

Roghnaigh **Scáileán as**, castar as an scáileán teilifíse, chun an scáileán teilifíse a chasadh air arís, brúigh aon eochair ar an gciallaltán.

Socraigh uaineadóir casadh as teilifís

[🏠 \(Baile\) > Socruithe > Éicea-](#)

socruithe > Uaineadóir casadh as.

Brúigh na saigheada **▲** (suas) nó **▼** (síos) chun an luach a athrú. Díghníomhachtóidh an luach **0 (As)** an casadh as uathoibríoch.

Roghnaigh Uaineadóir casadh as, casann an teilifís as go huathoibríoch chun fuinneamh a choigilt.

* Casann an teilifís as má tá comhartha teilifíse á fáil aici ach mura mbrúnn tú eochair ar an gciallaltán i rith tréimhse 4 uaire.

* Casann an teilifís as mura bhfuil sé ag fáil comhartha teilifíse ná ordú ón gciallaltán ar feadh 10 nóiméad.

* Má úsáideann tú an teilifís mar mhonatóir nó má úsáideann tú glacadóir digiteach chun féachaint ar an teilifís (Bosca bairr - STB) agus mura n-úsáideann tú ciallaltán na teilifíse, ba cheart duit an socrú chun an gléas a chasadh as go huathoibríoch a dhíghníomhachtú tríd an luach a athrú go **0**.

Socruithe Ginearálta

Socruithe a bhaineann leis an Nasc

Diosca Crua USB

[🏠 \(Baile\) > Socruithe > Socruithe ginearálta > Diosca Crua USB](#)

Ní mór duit Diosca Crua USB a shuiteáil agus a fhoráidíú sula ndéanann tú taifead ar chainéal.

Próifíl Oibritheora CAM

[🏠 \(Baile\) > Socruithe > Socruithe ginearálta > Próifíl Oibritheora CAM](#)

Chun próifíl oibritheora do CI+/CAM a chasadh air le haghaidh suiteáil cainéal agus nuashonruithe éasca.

Nasc HDMI CEC - EasyLink

Nasc gléasanna HDMI CEC-comhoiriúnacha le do theilifís, is féidir leat iad a oibriú le ciallaltán na teilifíse. Ní mór EasyLink HDMI CEC a chasadh air ar an teilifís agus ar an ngléas nasctha.

Cas air EasyLink

[🏠 \(Baile\) > Socruithe > Socruithe ginearálta > EasyLink > EasyLink > Air.](#)

Oibrigh gléasanna HDMI CEC-comhoiriúnacha le ciallaltán na teilifíse

[🏠 \(Baile\) > Socruithe > Socruithe ginearálta > EasyLink > Ciallaltán EasyLink > Air.](#)

Tabhair faoi deara:

- Tá an seans ann nach n-oibreoidh EasyLink le gléasanna ó bhrandaí eile.
- Tá ainmneacha éagsúla ag feidhmiúlacht HDMI CEC ar bhrandaí éagsúla. Seo roinnt samplaí: Anynet, Aquos Link, Bravia Theatre Sync, Kuro Link, Simplink agus Viera Link. Níl gach branda comhoiriúnach go hiomlán le EasyLink. Is lena n-úinéirí faoi seach ainmneacha branda HDMI CEC.

Suíomh - Baile nó Siopa

Roghnaigh suíomh do theilifíse

🏠 (Baile) > Socruithe > Socruithe ginearálta > Suíomh

Roghnaigh **Siopa**, athraítear an stíl pictiúir ar ais go **Gléineach**, agus is féidir leat na socruithe siopa a athrú.

Is do phromóisin i siopaí **Mód siopa**.

Athshocraigh Socruithe teilifíse agus Athshuiteáil teilifís

Athshocraigh luach gach socrú go dtí na socruithe teilifíse bunaidh

🏠 (Baile) > Socruithe > Socruithe ginearálta > Socruithe réamhshainithe

Suiteáil an teilifís ón tús, agus athraigh stádas na teilifís ar ais go dtí an chéad uair a chas tú air í

🏠 (Baile) > Socruithe > Socruithe ginearálta > Athshuiteáil teilifís

Cuir isteach cód PIN agus roghnaigh **Tá**, athshuiteálfar an teilifís go hiomlán. Déanfar gach socrú agus cainéal a athshuiteáil. D'fhéadfadh an tsuiteáil roinnt nóiméad a thógáil.

Socruithe Réigiúin agus Teanga

Teanga

🏠 (Baile) > Socruithe > Réigiún agus teanga > Teanga

Athraigh teanga roghchláir agus teachtaireachtaí na teilifíse

🏠 (Baile) > Socruithe > Réigiún agus

teanga > Teanga > Teanga roghchláir

Socraigh teanga is fearr leat d'fhuaim

🏠 (Baile) > Socruithe > Réigiún agus teanga > Teanga > Fuaim theanga phríomhúil, Fuaim theanga thánaisteach

Is féidir le cainéil dhigiteacha teilifíse fuaim a chraoladh i gcás roinnt teangacha labhartha do chlár. Is féidir leat an phríomhtheanga fuaime agus an teanga thánaisteach fuaime is fearr leat a shocrú. Má tá fuaim ar fáil i gceann de na teangacha sin, athróidh an teilifís go dtí an fhuaim sin.

Socraigh an teanga is fearr leat d'fhotheidil

🏠 (Baile) > Socruithe > Réigiún agus teanga > Teanga > Fuaim phríomhúil fotheideal, Fuaim thánaisteach fotheideal

Is féidir le cainéil dhigiteacha roinnt teangacha fotheideal a thairiscint do chlár. Is féidir leat príomhtheanga fotheideal agus teanga thánaisteach a shocrú d'fhotheidil. Má tá fotheidil ar fáil i gceann de na teangacha sin, taispeánfaidh an teilifís iad.

Socraigh an teanga is fearr leat do theilithéacs

🏠 (Baile) > Socruithe > Réigiún agus teanga > Teanga > Téacs príomhúil, Téacs thánaisteach

Bionn roinnt teangacha Téacs ar fáil ag roinnt craoltóirí teilifíse digitéil.

Clog

🏠 (Baile) > Socruithe > Réigiún agus teanga > Clog

Cearthaigh an clog go huathoibríoch

🏠 (Baile) > Socruithe > Réigiún agus teanga > Clog > Mód Uath-chloig

- Is é **Uathoibríoch** an socrú caighdeánach do chlog na teilifíse. Is as faisnéis craolta UTC - Am Uilíoch Comhordaithe a thagann an t-eolas ama.

- Mura bhfuil an clog ceart, is féidir leat clog na teilifíse a athrú go **Ag Brath ar an Tír**.

Cearthaigh an clog de láimh

🏠 (Baile) > Socruithe > Réigiún agus teanga > Clog > Mód Uath-chloig > De láimh

🏠 (Baile) > Socruithe > Réigiún agus

teanga > Clog > Dáta, Am

Téigh go dtí an roghchlár roimhe sin, agus roghnaigh **Dáta** agus **Am** chun an luach a athrú.

Tabhair faoi deara:

– Mura dtaispeánann aon cheann de na socruithe uathoibríocha an t-am go cruinn, is féidir leat an t-am a shocrú de láimh.

– Mar sin féin, má sceidealaíonn tú taifeadtaí ón Eolaire Teilifíse, molaimid duit gan an t-am agus an dáta a athrú de láimh.

Socraigh críos ama nó socraigh seach-chur ama do do réigiún

🏠 (Baile) > Socruithe > Reigiún agus teanga > Clog > Críos ama

Roghnaigh ceann de na críosanna ama.

Socraigh an teilifís chun athrú go Fuireachas go huathoibríoch tar éis tréimhse ama réamhshainithe

🏠 (Baile) > Socruithe > Reigiún agus teanga > Clog > Uaineadóir codlata

Socraigh an teilifís chun athrú go Fuireachas go huathoibríoch tar éis tréimhse ama réamhshainithe Is féidir leat an t-am a shocrú ar feadh suas le 180 nóiméad in eatraimh de 5 nóiméad leis an mbarra sleamhnáin. Má shocraítear go 0 nóiméad é, castar an t-amadóir codlata as. Is féidir leat i gcónaí do theilifís a chasadh as níos luaithe nó an t-am a athshocrú i rith an chomhairimh síos.

Socruithe Rochtana Uilíche

🏠 (Baile) > Socruithe > Rochtain uilíoch

Nuair atá Inrochtaineacht Uilíoch casta air, ullmhaítear an teilifís dóibh siúd atá bodhar, a bhfuil lagú éisteachta orthu, dall nó a bhfuil lagú amhairc orthu.

Cas air socruithe rochtana uilíche

🏠 (Baile) > Socruithe > Rochtain uilíoch > Rochtain uilíoch > Air.

Rochtain uilíoch dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta acu

🏠 (Baile) > Socruithe > Rochtain uilíoch > Lagú éisteachta > Air

– Craolann roinnt cainéal teilifíse digiti fuaime agus fotheideal speisialta atá curtha in oiriúint dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta orthu nó do dhaoine atá bodhar.

– Nuair atá Lagú Éisteachta casta air, athraíonn an teilifís go huathoibríoch go dtí an fhuaim agus na fotheidil atá curtha in oiriúint, más ann dóibh.

Rochtain uilíoch dóibh siúd atá dall nó a bhfuil lagú amhairc acu

🏠 (Baile) > Socruithe > Rochtain uilíoch > Cur síos fuaime > Cur síos fuaime > Air

Tá cainéil teilifíse dhigiteacha in ann tráchtareacht speisialta fuaime a chraoladh a chuireann síos ar a bhfuil ag tarlú ar an scáileán.

🏠 (Baile) > Socruithe > Rochtain uilíoch > Cur síos fuaime > Cur síos fuaime > Airde fuaime measctha, Éifeachtaí fuaime, Caint

– Roghnaigh **Airde fuaime measctha**, is féidir leat airde fuaime na gnáthfuaime a mheascadh leis an tráchtareacht fuaime. Brúigh na saigheada  (suas) nó  (síos) chun an luach a athrú.

– Socraigh **Éifeacht fuaime** go **Air** chun éifeachtaí fuaime breise a fháil sa tráchtareacht fuaime, cosúil le steiréo nó fuaime chéimneach.

– Roghnaigh **Caint** chun roghanna cainte a shocrú, **Tuairisciúil** nó **Fotheidil**.

– Roghnaigh **Callairí / Cluasáin** chun an fhuaim ó challairí teilifíse nó cluasáin nasctha a shocrú.

Glasáil Socruithe

Socraigh Cód agus Athraigh Cód

Socraigh cód nua nó athshocraigh athraigh cód

🏠 (Baile) > Socruithe > Glas leanaí > Socraigh cód, Athraigh cód

Úsáidtear an cód glais leanaí chun cainéil nó cláir a ghlasáil nó a dhíghlasáil.

Tabhair faoi deara: Má tá do chód PIN dearmadtha agat, is féidir leat an cód reatha a scoitheadh agus ceann nua a chur isteach, úsáid **8888**.

Glas do Chlár

🏠 (Baile) > Socruithe > Glas leanaí > Rátáil tuismitheora

Chun íosaois chun féachaint ar chláir rátáilte a shocrú

PIN CAM

🏠 (Baile) > Socruithe > Glas leanaí > PIN CAM

Socraigh PIN CAM do thaifeadadh.

Comhshaol

12.1

Lipéad Fuinnimh na hEorpa

Cuireann Lipéad Fuinnimh na hEorpa ar an eolas tú maidir le haicme éifeachtacht fuinnimh an táirge seo. Dá ghlaise aicme éifeachtacht fuinnimh an táirge, is ea is lú fuinnimh a thomhlaíonn sé.

Is féidir leat aicme éifeachtacht fuinnimh, meántomhaltas cumhachta an táirge seo nuair atá sé i mbun úsáide agus meántomhaltas cumhachta ar feadh 1 bliain a fháil ar an lipéad. Is féidir leat freisin luachanna tomhaltais cumhachta don táirge seo a fháil ar shuíomh gréasáin Philips i do thír féin ag www.philips.com/TV

12.2

Deireadh Úsáide

Do sheantáirge agus do cheallraí a dhiúscairt

Dearadh agus monaraíodh do tháirge le hábhair agus comhpháirteanna ar ardchaighdeán ar féidir iad a athchúrsáil agus a athúsáid.



Nuair a bhíonn tá an tsiombail seo d'araid rothaí a bhfuil cros air ar tháirge, ciallaíonn sé go bhfuil an táirge clúdaithe ag Treoir Eorpach 2012/19/CE.



Cuir tú féin ar an eolas le do thoil faoin gcóras bailiúcháin áitiúil ar leith do tháirgí leictreacha agus leictreonacha.

Cloígh leis na rialacha áitiúla atá i bhfeidhm le do thoil agus ná diúscair do sheantáirgí le do ghnáthdhrámaíl tí. Nuair a dhiúscaíonn tú do sheantáirge i gceart, cabhraíonn sé iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don chomhshaol

agus do shláinte an duine a chosc.

Tá ceallraí i do tháirge atá san áireamh i dTreoir an Chomhphobail Eorpaigh 2006/66/EC, nach féidir iad a dhiúscairt le gnáthdhrámaíl tí.



Cuir tú féin ar an eolas le do thoil faoi rialacha áitiúla maidir le bailiú ar leith ceallraí mar go gcabhróidh diúscairt chuí iarmhairtí díobhálacha don chomhshaol agus do shláinte an duine a chosc.

Sonraíochtaí

13.1

Cumhacht

Tá sonraíochtaí an táirge faoi réir athraithe gan fógra. Chun tuilleadh sonraí maidir le sonraíochtaí an táirge seo a fháil, féach ar www.philips.com/support

Cumhacht

- Príomhchumhacht : AC 220-240V +/-10%
- Teocht chomhthimpeallach : 5°C go 35°C

Chun faisnéis faoi thomhaltas cumhachta a fháil, féach ar an gcaibidil Product Fiche.

Is é an rátáil cumhachta atá ar chlár cineáil an táirge tomhaltas cumhachta don táirge seo i rith gnáthúsáid tí (IEC 62087 Ed.2). Úsáidtear an rátáil cumhachta is airde, scríofa idir lúibíní, chun críche sábháilteachta leictirí (IEC 60065 Ed. 8.0)

13.2

Glacacht

Don tsraith teilifíse PxT

- Ionchur aeróige : 75 ohm comhaiseach (IEC75)
- Bandaí tiúnóra : Hyperband, S-Channel, UHF, VHF
- DVB : DVB-T2', DVB-C (cábala) QAM
- Athsheinm físeáin analógaigh : SECAM, PAL
- Athsheinm físeáin digitigh : MPEG2 SD/HD (ISO/IEC 13818-2), MPEG4 SD/HD (ISO/IEC 14496-10), HEVC*
- Athsheinm fuaime digiti (ISO/IEC 13818-3)

* Do DVB-T2 amháin

Don tsraith teilifíse PxS

- Ionchur aeróige : 75 ohm comhaiseach (IEC75)
- Bandaí tiúnóra : Hyperband, S-Channel, UHF, VHF
- DVB : DVB-T2', DVB-C (cábala) QAM
- Athsheinm físeáin analógaigh : SECAM, PAL
- Athsheinm físeáin digitigh : MPEG2 SD/HD (ISO/IEC 13818-2), MPEG4 SD/HD (ISO/IEC 14496-10), HEVC*
- Athsheinm fuaime digiti (ISO/IEC 13818-3)
- Ionchur aeróige satailíte : 75 ohm F-type
- Raon minicíochta ionchuir : 950 go 2150MHz
- Raon leibhéil ionchuir : 25 go 65 dBm
- DVB-S2 QPSK, ráta siombailí 2 go 45M siombailí, SCPC agus MCPC
- LNB : DiSEqC 1.0, 1 go 4 LNBanna tacaithe, Roghnú polaraíochta 14/18V, Roghnú banda 22kHz, Mód rúisce toin, LNB reatha 300mA max

* Do DVB-T2, DVB-S2 amháin

Taifeach Taispeána

Sraith teilifíse 5603

Méid fhiarthrasna an scáileán

- 24PFx5603 : - 60 cm / 24 orlach
- 32PFx5603 : - 80 cm / 32 orlach

Taifeach Taispeána

- PFx5603: 1920x1080

13.4

Taifeach taispeána:

Don tsraith teilifíse PFx

Formáidí físe

Taifeach — Ráta athnuachan

- 480i - 60 Hz
- 480p - 60 Hz
- 576i - 50 Hz
- 576p - 50 Hz
- 720p - 50 Hz, 60 Hz
- 1080i - 50 Hz, 60 Hz
- 1080p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz

Formáidí ríomhaire

Taifigh (i measc cinn eile)

- 640 x 480p - 60 Hz
- 800 x 600p - 60 Hz
- 1024 x 768p - 60 Hz
- 1280 x 768p - 60 Hz
- 1360 x 768p - 60 Hz
- 1280 x 1024p - 60 Hz
- 1920 x 1080p - 60 Hz

13.5

Fuaim

Sraith teilifíse 5603

- Cumhacht aschuir (RMS) : 16W (32"), 6W (24")
- Fuaim Dolby
- DTS 2.0 + Digital Amach™

Ilmheáin

Córais comad USB tacaithe

- USB (FAT / FAT 32 / NTFS): ná nasc ach gléasanna USB a ídíonn 500 mA cumhachta nó níos lú.

Freastalaithe meán, tacaithe

- Codec Íomhá: JPEG, GIF, PNG, BMP
- Codec Fuaime: MP3, WAV, WMA (v2 up to v9.2), AC3, AAC, HE-AAC, DTS 2.0
- Codec Físe: AVI, MKV, H.264/MPEG-4 AVC, MPEG1, MPEG2, MPEG4, WMV9/VC1, HEVC
- Fotheideal: SRT, SMI, SSA, SUB, ASS, TXT

Nascacht

Sraith teilifíse 5603 (32 orlach) TV

Do 32PFS5603

Cúl na teilifíse

- HDMI 1 ARC: HDMI Cainéal Fillte Fuaime
- HDMI 2
- DIGITAL AUDIO OUT: SPDIF
- DIGITAL AUDIO IN: DVI Steireó 3.5mm mion-seac
- SCART (RGB/CVBS): Cuibheoir SCART
- TV ANTENNA: 75 ohm comhaiseach (IEC)
- Sataílít

Taobh na teilifíse

- CI: Comhéadan Coiteann
- USB
- Cluasáin: Steireó 3.5mm mion-seac

Do 32PFT5603

Cúl na teilifíse

- HDMI 1 ARC: HDMI Cainéal Fillte Fuaime
- HDMI 2
- DIGITAL AUDIO OUT: SPDIF
- DIGITAL AUDIO IN: DVI Steireó 3.5mm mion-seac
- SCART (RGB/CVBS): Cuibheoir SCART
- TV ANTENNA: 75 ohm comhaiseach (IEC)
- LAN Líonra - RJ45 (do Freeview HD)*

Taobh na teilifíse

- CI: Comhéadan Coiteann
- USB
- Cluasáin: Steireó 3.5mm mion-seac

* Is do mhúnlaí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra

Sraith teilifíse 5603 (24 orlach) TV

Do 24PFS5603

Cúl na teilifíse

- HDMI 1 ARC: HDMI Cainéal Fillte Fuaime
- HDMI 2
- DIGITAL AUDIO OUT: SPDIF
- VGA
- AUDIO IN (DVI/VGA): Steireó 3.5mm mion-seac
- SCART (RGB/CVBS): Cuibheoir SCART
- TV ANTENNA: 75 ohm comhaiseach (IEC)
- Sataílít

Taobh na teilifíse

- CI: Comhéadan Coiteann
- USB
- Cluasáin: Steireó 3.5mm mion-seac

Do 24PFT5603

Cúl na teilifíse

- HDMI 1 ARC: HDMI Cainéal Fillte Fuaime
- HDMI 2
- DIGITAL AUDIO OUT: SPDIF
- VGA
- AUDIO IN (DVI/VGA): Steireó 3.5mm mion-seac
- SCART (RGB/CVBS): Cuibheoir SCART
- TV ANTENNA: 75 ohm comhaiseach (IEC)
- LAN Líonra - RJ45 (do Freeview HD)*

Taobh na teilifíse

- CI: Comhéadan Coiteann
- USB
- Cluasáin: Steireó 3.5mm mion-seac

* Is do mhúnlaí na Ríochta Aontaithe amháin an port líonra

Fadhbanna

14.1

Leideanna

Mura bhfuil tú in ann teacht ar réiteach ar an bhfadhb atá agat le do theilifís in **Fabhtcheartú**, is féidir leat úsáid a bhaint as **Socruithe** > **Cabhair** > **Treoir úsáideora** chun an t-eolas atá uait a fháil.

Mura bhfuil na freagra ar do cheist sa Treoir úsáideora, is féidir leat dul go dtí suíomh gréasáin tacaíochta Philips.

Is féidir leat dul i gcomhairle lenár dtacaíocht ar líne chun aon fadhb a bhaineann le teilifís Philips a réiteach. Is féidir leat do theanga a roghnú agus uimhir do mhúnla táirge a chur isteach.

Tabhair cuairt ar www.philips.com/support.

Is féidir leat an uimhir teileafóin chun dul i dteagmháil linn i do thír féin a aimsiú ar an suíomh tacaíochta, chomh maith le freagraí do cheisteanna coitianta (CCanna). I roinnt tíortha is féidir leat labhairt le duine dár gcomhghleacaithe agus do cheist a chur go díreach nó trí ríomhphost.

Is féidir leat bogearraí nua teilifíse a íoslódáil nó an treoirleabhar chun é a léamh ar do ríomhaire.

Chun níos mó eolais faoi fhabhtcheartú teilifíse agus ceisteanna a chuirtear go minic a fháil (CCanna)...

Téigh go dtí <http://philips-tvconsumercare.kxondemand.com/portal/en/ModelSelect>

Cabhair teilifíse ar do tháibléad, d'fhón cliste nó do ríomhaire

Chun go n-éascófaí seichimh fada teoracha, is féidir leat Cabhair teilifíse a íoslódáil i bhformáid PDF le haghaidh a léite ar d'fhón cliste, taibléad nó ríomhaire. Mar rogha air sin, is féidir leat an leathanach ábhartha ó Chabhair ó do ríomhaire. Chun Cabhair (lámhleabhar úsáideora) a íoslódáil, tabhair cuairt ar www.philips.com/support

14.2

Cas As

Ní chasann an teilifís air

- Bain an cábla cumhachta amach as an asraon cumhachta. Fan ar feadh nóiméid agus ansin cuir isteach arís é. Cinntigh go bhfuil an cábla cumhachta nasctha go daingean. Bain triail as an teilifís a chasadh air arís.

- Nasc an teilifís le soicéad eile ar an mballa agus triail í a chasadh air.

- Dínasc gach gléas nasctha eile ón teilifís agus triail í a chasadh air.

- Má tá solas fuireachais na teilifís air, tá an seans ann nach bhfreagróidh an teilifís don chianrialtán.

Tá fuaime dhioscánach ann nuair a chastar air nó as é

Nuair a bhíonn tú ag casadh na teilifís air, as nó ar fhuireachas, cloiseann tú fuaime dhioscánach ó fhonnadh na teilifíse. Is mar gheall ar ghnáthleathadh agus cungú na teilifíse an fhuaim dhioscánach sin, agus an teilifís ag fuarú agus ag téamh. Ní chuireann sé isteach ar fheidhmíocht.

Téann an teilifís ar ais go Fuireachas tar éis scáileán tosaithe Philips a thaispeáint

Nuair atá an teilifís i bhFuireachas, taispeántar scáileán tosaithe Philips, ansin filleann an teilifís ar mhód Fuireachais. Is gnáthiompar é sin. Nuair a dhínascstar an teilifís agus nuair a nascstar arís í leis an soláthar cumhachta, taispeántar an scáileán tosaithe an chéad uair eile a thosaítear í. Chun an teilifís a chasadh air ó fhuireachas, brúigh **⏻** (Fuireachas / Air) ar an gcianrialtán nó ar an teilifís.

Coinníonn an solas Fuireachais leis ag caocháil

Bain an cábla cumhachta amach as an asraon cumhachta. Fan 5 nóiméad sula nascann tú an cábla cumhachta arís. Má tharlaíonn an chaocháil arís, déan teagmháil le Philips TV Consumer Care.

Casann an teilifís as léi féin

Má chasann an teilifís as go tobann, seans go bhfuil an socrú **Amadóir casta as** casta air. Casann an teilifís as tar éis 4 uair mura bhfuil aon chomhartha ón gcianrialtán faighte le **Amadóir casta as**. Chun an casadh as uathoibríoch sin a sheachaint, is féidir leat an casadh as seo a dhíghníomhachtú. Anuas air sin, mura bhfhaigheann an teilifís comhartha teilifíse nó ordú cianrialtáin ar feadh 10 nóiméad, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch.

14.3

Cianrialtán

Ní fhreagraíonn an teilifís don chianrialtán

Teastaíonn roinnt ama ón teilifís tosú. I rith an ama sin, ní fhreagraíonn an teilifís don chianrialtán ná do rialcúithe na teilifíse. Is gnáthiompar é sin.

Má leanann an teilifís gan freagairt don chianrialtán, is féidir leat seiceáil an bhfuil an cianrialtán ag obair trí úsáid a bhaint as ceamara ar fhón soghluaiste. Cuir an fón i mód ceamar agus pointeáil an cianrialtán i dtreo lionsa an cheamara. Má bhrúnn tú aon eochair ar an

gcianrialtán agus má thugann tú faoi deara caochail infridhearg an LED tríd an gceamara, tá an cianrialtán ag obair. Ní mór an teilifís a sheiceáil.

Mura bhfuil an chaochail le tabhairt faoi deara, d'fhéadfadh an cianrialtán a bheith briste nó d'fhéadfadh a gceallraí a bheith briste. Ní féidir an modh seo chun an cianrialtán a sheiceáil a úsáid le cianrialtáin atá péireáilte leis an teilifís gan sreang.

14.4

Cainéil

Níor aimsíodh aon chainéal digiteach i rith na suiteála

Féach ar na sonraíochtaí teicniúla chun a chinntiú go dtacaíonn do theilifís le DVB-T nó DVB-C i do thír. Cinntigh go bhfuil na cáblaí nasctha i gceart agus go bhfuil an líonra ceart roghnaithe.

Níl na cainéil a suiteáladh roimhe seo sa liosta cainéal

Cinntigh go bhfuil an liosta cainéal ceart roghnaithe.

14.5

Pictiúr

Gan pictiúr / pictiúr díchumtha

- Cinntigh go bhfuil an aeróg nasctha leis an teilifís i gceart.
- Cinntigh go bhfuil an gléas ceart roghnaithe mar an fhoinsé taispeána.
- Cinntigh go bhfuil an gléas nó foinse sheachtrach nasctha i gceart.

Tá fuaime ann ach níl aon phictiúr

- Cinntigh go bhfuil na socruithe pictiúr socraithe i gceart.

Glacadh aeróige lag

- Cinntigh go bhfuil an aeróg nasctha leis an teilifís i gceart.
- Tá callairí arda, gléasanna fuaime nach bhfuil talmhaithe, soilse neon, foirgnimh arda agus rudaí móra eile in ann tionchar a imirt ar chaighdeán an ghlaclachta. Más féidir, déan iarracht caighdeán an ghlaclachta a fheabhsú trí threo na haeróige a athrú nó gléasanna a bhogadh amach ón teilifís.
- Má tá an glacadh go dona díreach ar chainéal amháin, déan míntiúnadh ar an gcainéal sin le Suiteáil láimhe.

Drochphictiúr ó ghléas

- Cinntigh go bhfuil an gléas nasctha i gceart.
- Cinntigh go bhfuil na socruithe pictiúr socraithe i

gceart.

Athraíonn socruithe pictiúr tar éis scathaimh

- Cinntigh go bhfuil **Suíomh** socraithe do **Baile**. Is féidir socruithe a athrú agus a shábháil sa mhód seo.

Tá meirge tráchtála ar taispeáint

- Cinntigh go bhfuil **Suíomh** socraithe do **Baile**.

Ní oireann an pictiúr don scáileán

- Athraigh go formáid pictiúr éagsúil.

Coinníonn an fhormaid pictiúr air ag athrú ó chainéal go cainéal

- Roghnaigh formáid pictiúr nach mbaineann 'Uath' leis.

Tá suíomh an phictiúir mícheart

- Is féidir nach n-oirfeadh comharthaí pictiúr ó ghléasanna áirithe don scáileán i gceart. Seiceáil aschur comhartha an ghléis nasctha.

Níl an pictiúr ríomhaire cobhsaí

- Cinntigh go n-úsáideann do ríomhaire an taifeach agus ráta athnuacha a dtacaítear leo.

14.6

Fuaim

Gan aon fhuaim nó droch-chaighdeán fuaime

Mura mbraitear aon chomhartha fuaime, casanna an teilifís an aschur fuaime as go huathoibríoch — ní chiallaíonn sé sin mífheidhm.

- Cinntigh go bhfuil na socruithe fuaime socraithe i gceart.
- Cinntigh go bhfuil gach cábla nasctha i gceart.
- Cinntigh nach bhfuil an airde fuaime balbhaithe nó socraithe go nialas.
- Cinntigh go bhfuil aschur fuaime na teilifíse nasctha le hionchur fuaime an Chóras Amharclainne Baile.
- Ba cheart go mbeadh fuaim le cloisteáil ó challairí an HTS.
- D'fhéadfadh roinnt gléasanna iarraidh ort aschur fuaime HDMI a chumasú de láimh. Má tá fuaim HDMI cumasaithe cheana féin, ach fós ní chloiseann tú aon fhuaim, bain triail as an fhormaid fuaime digití a athrú go PCM (Modhnú Bíogchóid). Féach ar an gcáipéisíocht a tháinig le do ghléas le haghaidh teoracha.

HDMI

HDMI

- Tabhair faoi deara go bhféadfadh tacaíocht HDCP (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Bandaleithead) in ann moill a chur ar an méid ama a thógann sé do theilifís ábhar ó ghléas HDMI a thaispeáint.
- Mura n-aithníonn an teilifís an gléas HDMI agus mura bhfuil aon phictiúr ar taispeáint, athraigh an fhoinsé ó ghléas amháin go gléas eile agus ar ais arís.
- Má chuirtear isteach ar an bhfuaim go heatramhach, cinntigh go bhfuil na socruithe aschuir ón ngléas HDMI ceart.
- Má tá cuibheoir HDMI-go-DVI nó cábla HDMI-go-DVI in úsáid agat, cinntigh go bhfuil cábla fuaime breise naschta le AUDIO IN (mion-seac amháin), más ann dó.

Ní oibríonn EasyLink

- Cinntigh go bhfuil do ghléasanna HDMI comhoiriúnach le HDMI-CEC. Ní oibríonn gnéithe EasyLink ach amháin le gléasanna atá comhoiriúnach le HDMI-CEC.

Níl an deilbhín don airde fuaime ar taispeáint

- Gnáth-iompar é sin nuair atá gléas fuaime HDMI-CEC naschta.

USB

Ní thaispeántar grianghraif, físeáin agus ceol ó ghléas USB

- Cinntigh go bhfuil an gléas stórála USB socraithe chun a bheith comhoiriúnach le hAicme Ollstórála, mar atá curtha síos air i gcáipéisíocht an ghléis stórála.
- Cinntigh go bhfuil the gléas stórála USB comhoiriúnach leis an teilifís.
- Cinntigh go dtacaíonn an teilifís na formáidí comhaid fuaime agus pictiúir.

Athsheinnt briste comhad USB

- D'fhéadfadh feidhmíocht aistrithe an ghléis stórála USB srian a chur ar an ráta aistrithe sonraí chuig an teilifís, a bhfuil athsheinnt briste mar thoradh uirthi.

Sábháilteacht agus Cúram

Sábháilteacht

Tábhachtach

Léigh agus tuig gach treoir sábháilteachta sula n-úsáidfídh tú an teilifís. Má tharlaíonn díobháil mar nár leanadh treoracha, ní bheidh feidhm ag an mbaránta.

Baol Turrainge Leictrí nó Tine

- Ná nocht an teilifís don bháisteach nó d'uisce. Ná cuir soithí ina mbíonn leachtanna, cosúil le vásaí, in aice leis an teilifís. Má dhoirtear leachtanna ar an teilifís, nó isteach inti, dínascaidh an teilifís ón asraon cumhachta láithreach. Déan teagmháil le Cúram Custaiméirí Philips TV chun an teilifís a sheiceáil sula n-úsáidfí í.
- Ná nocht an teilifís, an cianrialtán ná ceallraí go deo do theas iomarcach. Ná cuir in aice le coinnle ar lasadh nó lasracha gan chosaint iad, ná in aice le foinsí teasa iad, lena n-áirítear teas díreach na gréine.
- Ná cuir aon rud isteach sna slíotáin aeraithe go deo, ná sna hoscailtí eile ar an teilifís.
- Ná cuir rudaí troma go deo ar an seolán cumhachta.
- Ná bíodh aon neart á imirt ar na plugaí cumhachta. Tá plugaí cumhachta scaoilte in ann a bheith ina n-údar do stuáil nó do thine. Bí cinnte nach mbeidh aon straidhn ar an seolán cumhachta nuair a sclóineann tú scaileán na teilifíse.
- Chun an teilifís a dínascaidh ó chumhacht an phríomhlíonra, ní mór pluga cumhachta na teilifíse a dínascaidh. Nuair atá an chumhacht a dínascaidh agat, tarraing an pluga cumhachta i gcónaí, ná tarraing an seolán go deo. Bí cinnte go bhfuil rochtain iomlán agat ar an bpluga cumhachta, an seolán cumhachta agus ar an soicéad asraoin i gcónaí.

Baol Gortuithe nó Baol Díobhála don teilifís

- Teastaíonn beirt chun teilifís atá níos troime ná 25 cileagram nó 55 punt a iompar.
- Má ghléasann tú an teilifís ar sheastán, ná húsáid ach an seastán a tháinig léi. Daingnigh an seastán leis an teilifís go maith.

Lonnaigh an teilifís ar dhromchla réidh cothrom atá in ann glacadh le meáchan na teilifíse agus an seastáin.

- Nuair atá sé gléasta ar an mballa, bí cinnte go bhfuil an gléasadh balla in ann meáchan na teilifíse a iompar go sábháilte. Ní ghlacann TP Vision le haon fhreagracht as gléasadh balla míchuí a mbeidh tionóisc, gortú nó damáiste mar thoradh air.

- Is as gloine atá píosaí den táirge déanta. Láimhseáil go cúramach é chun gortú nó damáiste a sheachaint.

Baol damáiste don teilifís

Sula nascfaidh tú an teilifís leis an asraon cumhachta, cinntigh go bhfuil an voltas cumhachta ag meaitseáil an luach atá priontáilte ar chúl na teilifíse. Ná nasc an teilifís go deo leis an asraon cumhachta má tá voltas éagsúil ann.

Baol Gortuithe do Pháistí

Lean na réamhchúraim seo chun nach mbeidh an teilifís ina údar gortuithe do pháistí má thiteann sé ón seastán:

- Ná cuir an teilifís go deo ar dhromchla atá clúdaithe le héadach nó le hábhar eile ar féidir é a tharraingt.
- Bí cinnte nach bhfuil aon chuid den teilifís ag gobadh amach thar imeall an dromchla gléasta.
- Ná cuir an teilifís go deo ar throscaín ard, cosúil le leabhragán, gan an troscán agus an teilifís araon a bheith daingnithe don bhalla nó do thaca feiliúnach.
- Labhair le leanaí faoi na contúirtí a bhaineann le bheith ag dreapadóireacht ar throscaín chun dul chomh fada leis an teilifís.

An baol a bhaineann le ceallraí a shlogadh!

D'fhéadfadh ceallraí atá cosúil le boinn airgid a bheith sa chianrialtán agus d'fhéadfadh leanaí óga iad a shlogadh go héasca. Ná bíodh leanaí in ann rochtain a fháil ar na ceallraí seo go deo.

Baol Róthéite

Ná cuir an teilifís go deo in áit a bhfuil an spás cúng ann. Bíodh spás 20 ceintiméadar nó 4 orlach ar a laghad timpeall na teilifíse i gcónaí le haghaidh aeraithe. Bí cinnte nach gclúdaíonn cuirtíní nó rudaí eile slíotáin aeraithe na teilifíse.

Stoirmeacha Tintrí

Dínasc an teilifís ón asraon cumhachta agus ón aeróg roimh stoirmeacha tintrí.

Ná leag do lámh ar aon chuid den teilifís, an seológ cumhachta nó cábla na haeróige i rith stoirmeacha tintrí.

Baol Damáiste Éisteachta

Ná húsáid cluasáin ar feadh tréimhsí fada nuair a bhíonn an fhuaim an-ard agat.

Teochtaí Ísle

Má iompraítear an teilifís nuair atá an teocht níos lú ná 5°C nó 41°F, díphacáil an teilifís agus fan go dtí go mbeidh teocht an tseomra bainte amach ag an teilifís sula nascfaidh tú an teilifís leis an asraon cumhachta.

Bogthaise

Tá sé in ann tarlú go hannamh, ag brath ar theocht agus ar bhogthaise, go mbeidh mion-comhdhlúthú ar an taobh istigh d'aghaidh ghloine na teilifíse (ar roinnt múnlaí). Chun é seo a chosc, ná nocht an teilifís do sholas díreach na gréine, do theas ná do an-bhogthaise. Má bhíonn comhdhlúthú ann, imeoidh sé leis féin tar éis don teilifís a bheith air ar feadh roinnt uaireanta.

Ní dhéanfaidh taise an bhogthaise aon dochar don teilifís agus ní bheidh sé ina údar mífhaidhme.

15.2

Cúram Scáileáin

- Ná bíodh aon rud i dteagmáil leis an scáileán agus ná húsáid aon rud chun an scáileán a bhrú, a chuimilt nó a bhualadh.

- Bain amach pluga na teilifíse sula nglanann tú í.

- Glan an teilifís agus an fráma le ceirt bhog thais agus cuimil go séimh í. Ná húsáid substaintí cosúil le halcól, ceimicigh nó glantóirí tí ar an teilifís.

- Glan braonta uisce chomh tapaigh agus is féidir chun difhoirmiúcháin agus téaltú dathanna a sheachaint.

- Seachain íomhánna cónaitheacha a mhéid is féidir. Íomhánna a fhanann ar an scáileán ar feadh tréimhsí fada iad íomhánna cónaitheacha. Áirítear le híomhánna cónaitheacha roghchláir ar an scáileán, barraí dubha, taispeántaí ama, srl. Má chaitheann tú íomhánna cónaitheacha a úsáid, laghdaigh

codarsnacht agus gile an scáileán chun damáiste don scáileán a sheachaint.

15.3

Téarmaí Úsáide

2018 © TP Vision Europe B.V. Gach ceart ar cosnamh.

Is é TP Vision Europe B.V. déantúsóir an táirge seo, a dtagrófar feasta dó mar TP Vision, nó ceann dá chuideachtaí cleamhnaithe, a thug an táirge seo chuig an margadh. Is é TP Vision an barántóir i ndáil leis an teilifís ar tháinig an leabhrán seo in aon phacáiste léi. Is trádmharcanna cláraithe de chuid Koninklijke Philips N.V. Philips agus suaithéantas scéithe Philips.

D'fhéadfadh na sonraíochtaí a athrú gan choinne. Is le Koninklijke Philips N.V., nó a úinéirí faoi seach, na trádmharcanna. Tá sé de cheart ag TP Vision táirgí a athrú am ar bith gan dualgas a bheith air táirgí atá ar fáil cheana féin a athrú dá réir.

Creidtear go bhfuil an t-ábhar scríofa a tháinig in aon phacáiste leis an teilifís agus an lámhleabhar atá stóráilte i gcuimhne na teilifíse nó a íoslódáiltear ó láithreán gréasáin Philips www.philips.com/support leordhóthanach don úsáid a bhfuil an córas beartaithe lena haghaidh.

Creidtear go bhfuil an t-ábhar sa treoirleabhar seo leordhóthanach don úsáid atá beartaithe ag an gcóras. Má úsáidtear an táirge, nó a mhoduil nó nósanna imeachta indibhidiúla, chun críche nach bhfuil sonraithe leis seo, ní mór deimhniú a fháil maidir lena mbailíocht agus a n-oiriúnacht. Barántaíonn TP Vision nach sáraíonn an t-ábhar féin aon phaitinn de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá. Níl aon bharánta eile ráite nó intuigthe. Ní bheidh TP Vision freagrach as aon earráid in ábhar na cáipéise seo ná as aon fhadhb a eascraíonn as ábhar na cáipéise seo. Leigheasfar earráidí a thuairiscítear do Philips agus foilseofar ar láithreán gréasáin tacaíochta Philips a luaithe is féidir.

Téarmaí baránta - Baol gortuithe, damáiste don teilifís nó neamhniú baránta!

Ná déan iarracht go deo an teilifís a athdheisiú tú féin. Úsáid an teilifís agus a comhghabhálais mar atá beartaithe ag an déantúsóir. Tugann an comhartha rabhaidh ar chúl na teilifíse le fios go bhfuil baol turrainge leictir ann. Ná bain as clúdach na teilifíse go deo. Déan teagmháil le Cúram Custaiméirí Philips TV le haghaidh seirbhíse nó deisiúcháin. Aimsigh an uimhir theileafóin sa cháipéisíocht phriontáilte a tháinig leis an teilifís. Nó tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin www.philips.com/support agus roghnaigh do thír más gá. Cuirfear an baránta ar neamhniú má dhéantar aon oibriocht atá toirmiscithe go sainráite sa treoirleabhar seo, nó aon choigeartú nó nós imeachta cóimeála nach bhfuil molta ná údaraithe sa

treoirleabhar seo.

Tréithe picteilín

Tá líon ard picteilíní daite ag an táirge LCD/LED seo. Cé go bhfuil picteilíní éifeachtacha de 99.999% nó níos airde aige, d'fhéadfaí poncanna dubha nó pointí geala solais (dearg, uaine nó gorm) a bheith ar taispeáint go leanúnach ar an scáileán. Airí struchtúrtha de chuid na taispeána é seo (laistigh de ghnáthchaighdeán an tionscail) agus ní mífhéidhm é.

Comhlíonadh CE

Deimhníonn TP Vision Europe B.V. Leis seo go bhfuil an teilifís seo comhlíontach le bunriachtanais agus le forálacha ábhartha eile Treoracha 2014/53/AE (RED), 2009/125/CE (Éicea-dearadh), 2010/30/ AE (Lipéadú Fuinnimh) and 2011/65/CE (RoHS).

Comhlíonadh le EMF

Déantúsaíonn agus díolann TP Vision go leor táirgí atá dírithe ar thomhaltóirí a bhfuil an cumas acu, cosúil le trealamh leictreonach ar bith, comharthaí leictreamhaighnéadacha a astú agus a fháil. Is é ceann de phrionsabail ghnó TP Vision tabhairt faoi gach beart sláinte agus sábháilteachta atá riachtanach dár dtáirgí chun comhlíonadh le gach riachtanais dlí infheidhmithe agus chun fanacht taobh istigh de na caighdeáin Réimse Leictreamhaighnéadach (EMF) a bhí infheidhmithe ag an am ar táirgeadh na táirgí.

Tá TP Vision tiomanta táirgí a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chur ar an margadh nach bhfuil ina n-údar d'aon díobháil sláinte. Dearbhaíonn TP Vision go bhfuil a tháirgí sábháilte le haghaidh an úsáid atá beartaithe acu de réir na fianaise eolaíche atá ar fáil inniu, chomh fada is a úsáidtear iad chun an úsáid atá beartaithe leo. Tá ról gníomhach ag TP Vision i bhforbairt caighdeán idirnáisiúnta EMF agus sábháilteachta, rud a chuireann ar chumas TP Vision tuilleadh forbairtí i gcaighdeánú a ionchasú agus na forbairtí sin a chomhtháthú go luath ina dtáirgí.

Cóipchearta

HDMI

Is trádmharcanna nó trádmharcanna cláraithe de HDMI Licensing LLC iad na téarmaí HDMI agus HDMI High-Definition Multimedia Interface, agus lógó HDMI Logo i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i dtíortha eile.



Fuaim Dolby

Monaraíodh faoi cheadúnas ó Dolby Laboratories. Is trádmharcanna iad Dolby, Dolbh Audio agus an tsiombail D-dúbáilte de chuid Dolby Laboratories.



DTS 2.0 + Digital Amach™

Maidir le paitinní DTS, féach <http://patents.dts.com>. Arna dhéanamh faoi cheadúnas ó DTS Licensing Limited. Is trádmharcanna cláraithe DTS, an tSiombail, & DTS agus an tSiombail le chéile, agus Is trádmharc é DTS 2.0+Digital Out de chuid DTS, Inc. © DTS, Inc. Gach Ceart ar Cosnamh.



Trádmharcanna Eile

Maoin dá n-úinéirí faoi seach iad gach trádmharc cláraithe agus neamhchláraithe eile.

Foinse Oscailte

17.1

Bogearraí Foinse Oscailte

Tá bogearraí foinse oscailte sa teilifís seo. Tairgeann TP Vision Europe B.V. leis seo cóip den chód foinse comhfhreagrach iomlán do na pacáistí bogearraí foinse oscailte faoi chóipcheart a úsáidtear sa táirge seo a sheachadadh, ach iarratas a bheith déanta, sa chás go bhfuil a leithéid de thairiscint iarrtha ag na ceadúnais faoi seach.

Tá an tairiscint seo bailí ar feadh tréimhse suas le trí bliana i ndiaidh an táirgeadh a cheannach do dhuine ar bith a bhfuil an t-eolas seo acu. Chun an cód foinse a fháil, scríobh i mBéarla le do thoil chuig...

open.source@tpvision.com

17.2

Ceadúnas Foinse Oscailte

Maidir leis an gCeadúnas Foinse Oscailte

README chun an cód foinse a fháil do na codanna sin de bhogearraí teilifíse TP Vision Netherlands B.V. a thagann faoi cheadúnais foinse oscailte.

Is cáipéis í seo ina ndéantar cur síos ar dháileadh an chóid foinse atá á úsáid ar theilifís TP Vision Netherlands B.V., a thagann faoi cheann amháin den Cheadúnas Poiblí Ginearálta GNU (an GPL), nó Cheadúnas Poiblí Níos Lú GNU (an LGPL), nó aon cheadúnas foinse oscailte eile. Is féidir treoracha a fháil faoin gcaoi cóipeanna de na bogearraí seo a fháil sna Treoracha Úsáide.

NÍ THUGANN TP Vision Netherlands B.V. AON BHARÁNTA, BÍODH SÉ SAINRÁITE NÓ INTUIGTHE, LENA N-ÁIRÍTEAR AON BHARÁNTA INDÍOLTACHTA NÓ OIRIÚNACHT DO CHUSPÓIR FAOI LEITH, MAIDIR LEIS NA BOGEARRAÍ SEO. Ní thugann TP Vision Netherlands B.V. aon tacaíocht do na bogearraí seo. Ní chuireann an méid atá ráite thuas isteach ar do bharántaí ná ar do chearta reachtúla maidir le haon táirge de chuid TP Vision Netherlands B.V. atá ceannaithe agat. Ní bhaineann sé ach leis an gcód foinse seo atá curtha ar fáil duit.

Foinse Oscailte

uboot loader

Source: <http://www.denx.de/wiki/U-Boot>

busybox (v1.23.2)

BusyBox combines tiny versions of many common UNIX utilities into a single small executable. It provides replacements for most of the utilities you usually find in GNU fileutils, shellutils, etc. The utilities in BusyBox generally have fewer options than their full-featured GNU cousins; however, the options that are included provide the expected functionality and behave very much like their GNU counterparts. BusyBox provides a fairly complete environment for any small or embedded system.

Source: <https://busybox.net/>

libz (1.2.8)

zlib is designed to be a free, general-purpose, legally unencumbered -- that is, not covered by any patents -- lossless data-compression library for use on virtually any computer hardware and operating system. The zlib data format is itself portable across platforms.

Source: <http://www.zlib.net/>

libcurl (7.49.1)

libcurl is a free and easy-to-use client-side URL transfer library, supporting DICT, FILE, FTP, FTPS, Gopher, HTTP, HTTPS, IMAP, IMAPS, LDAP, LDAPS, POP3, POP3S, RTMP, RTSP, SCP, SFTP, SMTP, SMTPS, Telnet and TFTP. libcurl supports SSL certificates, HTTP POST, HTTP PUT, FTP uploading, HTTP form based upload, proxies, cookies, user+password authentication (Basic, Digest, NTLM, Negotiate, Kerberos), file transfer resume, http proxy tunneling and more.

Source: <http://curl.haxx.se/libcurl/>

log4c (1.2.1)

Apache log4cxx is a logging framework for C++ patterned after Apache log4j, which uses Apache Portable Runtime for most platform-specific code and should be usable on any platform supported by

APR. Apache log4cxx is licensed under the Apache License, an open source license certified by the Open Source Initiative.

Source: https://logging.apache.org/log4cxx/latest_stable/

libtinycmpress (1.1)

A library to handle compressed formats like MP3 etc.

Source: <http://git.alsa-project.org/?p=tinycmpress.git;a=summary>

Gstreamer (V1.0)

GStreamer is a plugin-based framework licensed under the LGPL.

Source: <https://gstreamer.freedesktop.org/documentation/licensing.html>

mxml (2.8)

Source: <http://michaelsweet.github.io/mxml/>

libiconv (1.14)

International text is mostly encoded in Unicode. For historical reasons, however, it is sometimes still encoded using a language or country dependent character encoding.

Source: <https://www.gnu.org/software/libiconv/>

libavcodec, libavformat, libavutil

FFmpeg is the leading multimedia framework, able to decode, encode, transcode, mux, demux, stream, filter and play pretty much anything that humans and machines have created. It supports the most obscure ancient formats up to the cutting edge. No matter if they were designed by some standards committee, the community or a corporation. It is also highly portable: FFmpeg compiles, runs, and passes our testing infrastructure FATE across Linux, Mac OS X, Microsoft Windows, the BSDs, Solaris, etc. under a wide variety of build environments, machine architectures, and configurations.

Source: <https://www.ffmpeg.org/>

libfreetype (2.6.3)

FreeType is a freely available software library to render fonts.

It is written in C, designed to be small, efficient, highly customizable, and portable while capable of producing high-quality output (glyph images) of most vector and bitmap font formats.

Source: <http://www.freetype.org/>

libglibc (2.19)

The GNU C Library project provides the core libraries for the GNU system and GNU/Linux systems, as well as many other systems that use Linux as the kernel.

Source: <https://www.gnu.org/software/libc/>

libstdc++ (6.0.20)

libc++ is a new implementation of the C++ standard library, targeting C++11.

All of the code in libc++ is dual licensed under the MIT license and the UIUC License (a BSD-like license).

Source: <http://libcxx.lvm.org/>

libfribidi (0.19.6)

GNU FriBidi is an implementation of the Unicode Bidirectional Algorithm (bidi).

GNU FriBidi has no required dependencies. The list of projects using GNU FriBidi is growing and they provide a wealth of examples of using the various APIs to learn from.

Source: <https://fribidi.org/>

libsqlite3 (3.7.14)

SQLite is a C library that implements an SQL database engine.

Programs that link with the SQLite library can have SQL database access without running a separate RDBMS process.

Source: <http://linuxappfinder.com/package/libsqlite3-0>

libpng

libpng is the official PNG reference library. It supports almost all PNG features.

Source: www.libpng.org

OpenSSL (1.0.0.d)

The OpenSSL Project is a collaborative effort to develop a robust, commercial-grade, full-featured, and **Open Source** toolkit implementing the **Secure Sockets Layer** (SSL v2/v3) and Transport Layer Security (TLS v1) protocols as well as a full-strength general purpose cryptography library. The project is managed by a worldwide community of volunteers that use the Internet to communicate, plan, and develop the OpenSSL toolkit and its related documentation.

Source: www.openssl.org

libjpeg (6b)

Libjpeg is a widely used C library for reading and writing JPEG image files.

Source: <http://libjpeg.sourceforge.net/>

libdirectfb (1.4.11)

DirectFB is a thin library that provides hardware graphics acceleration, input device handling and abstraction, integrated windowing system with support for translucent windows and multiple display layers, not only on top of the Linux Framebuffer Device.

It is a complete hardware abstraction layer with software fallbacks for every graphics operation that is not supported by the underlying hardware. DirectFB adds graphical power to embedded systems and sets a new standard for graphics under Linux.

Source: <http://directfb.org/>

Innéacs

A

Airde fuaime Delta 39
Airde fuaime na gCluasán 39
Aithin teilifís 3
Am 41
Ardsocruithe Codarsnachta Pictiúir 37
Ardsocruithe Pictiúr 37
Athainmnigh Gléas 19
Athdheisiú 3
Athraigh Cód PIN 42
Athshocraigh Socruithe Teillfíse 41

É

Éifeachtaí Fuaime 42

B

Bain satailít as 23
Breisiú Datha 37

C

Cainéal, Athainmnigh Cainéal 26
Cainéal, Scag Cainéal 27
Cainéil 20
Cainéil Cheadáin 27
Callairí nó Cluasáin 42
Cábla Cumhachta 9
Cárta CI 16
Cúram Custaiméirí 3
Ceallraí 6
Chun Cainéil Satailíte a Athshuiteáil 22
Cianrialtán 6
Cianrialtán agus Ceallraí 6
Cláraigh teilifís 3
Codarsnacht 37
Codarsnacht Dhinimiciúil 37
Codarsnacht Físe 38
Coigilt Sholas an Lae 41
Crios Ama 41
Cuir Satailít leis an liosta 23

D

Dath 37
Dáta 41
Déan Cuardach do Chainéil 27
Deireadh Úsáide 43
Diosca Crua USB 17
Diosca crua USB, Formáidigh 40
Dord 39

E

EasyLink 13
Eolas Teagmhála 3

F

Fabhtcheartú 46
Fad Amhairc 9
Fadhbanna 46
Formáid Fuaime Amach 39
Formáid Phictiúir 38
Fuaim Dhigiteach Amach 14
Fuaim Mheasctha 42
Fuireachas 10

G

Gáma 38
Géire 37
Géire, Laghdú Déantán MPEG 38
Géire, laghdú torainn 38
Glan Pictiúr 38
Glas Leanaí 42
Gléasadh Balla 9

H

HDMI ARC 14

I

Imfhuaim 39

L

Lagú amhairc 42
Lagú Éisteachta 42
Lámhleabhar Úsáideora 3
Leagan Bogearraí 5
Leibhéaladh Digiteach Amach 39
Liosta Cainéal Satailíte 23
Liosta Foinse 19
Lonnú na teilifíse 9

M

Méaróg Chuimhne USB 16
Mód Codarsnachta Pictiúr 37
Mód Fuireachais 10
Mód Uath-Chloig 41
Meáin 34
Moill Digiteach Amach 39

N

Nasc Aeróige 11
Nasc Cluasáin 14
Nasc Gléas 11
Nasc HDMI 12
Nasc HDMI – CEC 13
Nasc HDMI – DVI 13
Nasc Ríomhaireachta 15
Nasc VGA 15
Nuashonraigh Bogearraí – Nuasonruithe Áitiúla 5
Nuashonraigh Bogearraí – OAD 5
Nuashonraigh Cainéil Satailíte 22
Nuashonrú Bogearraí 5

O

Optúil 14
Ord Cainéal a athrú 27

P

Pictiúr, Codarsnacht 37
Pictiúr, Dath 37
Pictiúr, Géire 37
PIN CAM 42
Próifíl Oibritheora CAM 40

R

Rochtain Uilíoch 42
Roghchlár Áirgí 36
Roghchlár Baile 36
Roghchlár Cabhair 3

Roghchlár Mearsocruithe 36

S

Sábháilteacht agus Cúram 49

Seach-Chur Digiteach Amach 39

Socraigh Cód PIN 42

Socrú Pictiúir Ríomhaire 37

Socruithe Ama 41

Socruithe Datha 37

Socruithe Fuaime 38

Socruithe Teanga 41

Stíl Fuaime 38

Stíl Phictiúir 36

Suiteáil Cainéal 20

Suiteáil Cainéal - Aeróg 20

Suiteáil Cainéal - Cábla 20

Suiteáil Cainéal - Satailít 22

Super Resolution 38

T

Tacaíocht Philips 3

Téacs 28

Tíosach ar Fhuinneamh 40

Teanga fotheideal 41

Teanga Fuaime 41

Teanga teilifíse 41

Teanga Théacs 41

Teilitéacs 28

Teocht Datha 37

Treoir Úsáideora Ar Líne 3

U

Uaineadóir Codlata 41

Uath-Leibhéaladh Airde Fuaime 39



All registered and unregistered trademarks are property of their respective owners.
Specifications are subject to change without notice.
Philips and the Philips' shield emblem are trademarks of Koninklijke Philips N.V.
and are used under license from Koninklijke Philips N.V.
2018 © TP Vision Europe B.V. All rights reserved.

[philips.com](https://www.philips.com)